GA 2023

10

Tuarascáil speisialta

# Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta

## Ceachtanna foghlamtha, ach laghdú ar a luach mar mhodh tástála chun caiteachas cosanta an Aontais a mhéadú mar gheall ar shrianta ama agus torthaí teoranta

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Ábhar


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-XI** |
| **Réamhrá** | **01-14** |
| Bhí sé d'aidhm ag an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta an bealach a réiteach le haghaidh aga taighde don Chiste Eorpach Cosanta | 01-11 |
| Chuir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint RBTC chun feidhme | 12-13 |
| Na forbairtí is déanaí i réimse chosaint an Aontais Eorpaigh | 14 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniuchóireachta** | **15-19** |
| **Barúlacha** | **20-107** |
| Forbraíodh uirlisí le bheith mar bhonn eolais chun tosaíochtaí cosanta CEC a shainaithint tar éis tús a bheith curtha le cláir oibre bhliantúla RBTC | 20-34 |
| Ghlac na príomhpháirtithe leasmhara go léir páirt in ullmhú chláir oibre bhliantúla RBTC | 22-28 |
| Sna cláir oibre bhliantúla, rinneadh na gníomhaíochtaí tosaíochta maidir leis an gcumas cosanta – a bhí comhaontaithe laistigh de Phlean Forbraíochta um Chumas 2014 agus a bhí ar fáil ag an am – a chur san áireamh. | 29-34 |
| Bhain an Coimisiún úsáid as RBTC chun cineálacha éagsúla próiseas a thástáil chun tionscadail chosanta a bhainistiú agus chun dea-chleachtais agus fadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme a shainaithint | 35-54 |
| Chuir glaonna RBTC ar chumas an Choimisiúin cineálacha éagsúla próiseas a thástáil chun tionscadail taighde cosanta a bhainistiú | 37-39 |
| Bhí an próiseas meastóireachta agus dámhachtana cuimsitheach, thug sé chun suntais go raibh deacrachtaí ann a bhain le saineolaithe cosanta a earcú chun tograí a mheas | 40-42 |
| I gcás 5 thionscadal as an 12 a ndearnadh anailís orthu, bhí níos mó ná dhá bhliain i gceist leis an am a thóg sé ó sheoladh na nglaonna go dtí síniú na gcomhaontuithe deontais | 43-45 |
| Bhí an faireachán ar thionscadail a rinne an Coimisiún agus GEC éifeachtach | 46-52 |

Bhí ceanglais slándála ina gcúis le cur chun feidhme na dtionscadal a bheith casta **53-54**

**Bhí na freagairtí ar chuid de ghlaonna iomaíocha RBTC teoranta agus bhí siad comhchruinnithe i líon beag Ballstát** **55-63**

Bhí na hiarratais teoranta i gcás cuid de ghlaonna iomaíocha RBTC **57**

Bhí líon na n-eintiteas i gcuid de na cuibhreannais tionscadail ard **58**

Bhí comhordaitheoirí, rannpháirtithe agus saineolaithe neamhspleácha RBTC comhchruinnithe sna Ballstáit a bhfuil tionscail mhóra chosanta acu **59-63**

**Bhí torthaí teoranta ar thionscadail RBTC go dtí seo** **64-82**

Dul chun cinn teoranta i dtionscadail RBTC **66-76**

Rinneadh pleananna cumarsáide do na tionscadail a tharraingt suas, ach ní raibh craobhscaoileadh thorthaí an tionscadail leormhaith do na geallsealbhóirí go léir **77-82**

**Níor cuireadh gach ceacht RBTC a foghlaimíodh san áireamh agus tá easpa straitéise níos fadtéarmaí ann go fóill i gcás CEC** **83-107**

Tugann peirspictíocht ilbhliantúil buntáistí do chláir chosanta an Aontais **85-86**

Rinneadh doiciméid faoi cheachtanna a foghlaimíodh i bpróisis RBTC a chur i dtoll a chéile agus a athbhreithniú **87-90**

Cuireadh ceachtanna áirithe a foghlaimíodh san áireamh i Rialachán CEC, ach ní cuireadh gach ceann díobh san áireamh **91-92**

Bhí na próisis a ndearnadh tástáil orthu le RBTC úsáideach do na chéad ghlaonna faoi CEC **93-97**

Tá rioscaí ann do CEC mar gheall ar infhaighteacht theoranta acmhainní daonna sa Choimisiún **98-101**

Cuireann an Conradh teorainn le gníomhaíocht an Aontais maidir le cosaint agus rachadh straitéis fhadtéarmach chun tairbhe do CEC **102-107**

## Conclúidí agus moltaí **108-119**

## Iarscríbhinní

**Iarscríbhinn I – Forléargas ar na príomhchéimeanna agus ar na príomhdhoiciméid i bhforbairt CEC**

**Iarscríbhinn II – Na 18 dtionscadal RBTC a roghnaíodh lena gcistiú idir 2017 agus 2019**

**Iarscríbhinn III – Próisis éagsúla a tástáladh le glaonna RBTC**

**Iarscríbhinn IV – Forléargas ar an bpróiseas a úsáideann GEC go dtí go sínítear an comhaontú deontais**

Iarscríbhinn V – Torthaí achoimre ar na 12 thionscadal RBTC a ndearnadh anailís orthu

Iarscríbhinn VI – Méideanna tionscadail RBTC a bhí caite ag deireadh 2021

Iarscríbhinn VII – Ceachtanna RBTC a foghlaimíodh agus Rialachán CEC

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Freagraí ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) ag fónamh mar chlár réamhtheachtach don Chiste Eorpach Cosanta (CEC) a bhfuil buiséad de €90 milliún ann dó le haghaidh thréimhse 2017-2019. Sheiceálamar an ndearna RBTC an tAontas a ullmhú go cuí ó thaobh caiteachas ar chosaint a mhéadú go suntasach trí CEC sa chreat airgeadais ilbhliantúil do thréimhse 2021-2027. Ba é sin an chéad deis a bhí againn iniúchóireacht a dhéanamh ar chaiteachas cosanta an Aontais trína bhféadfaimis tionscadail a fuair maoiniú a roghnú a bhí ag céim sách fada chun cinn a ligfeadh dúinn teacht ar chonclúidí, agus moltaí a dhéanamh atá dírithe ar fheabhas a chur ar chaiteachas an Aontais trí CEC.

**II** Ar an iomlán, thángamar ar an gconclúid cé gur foghlaimíodh roinnt ceachtanna, gur tháinig laghdú ar an úsáid a baineadh as luach RBTC mar mhodh tástála chun caiteachas cosanta an Aontais a mhéadú mar gheall ar shrianta ama agus torthaí teoranta.

**III** Nuair a foilsíodh Rialachán CEC i mí na Bealtaine 2021 agus nuair a cuireadh amach na chéad ghlaonna CEC le haghaidh 2021 agus 2022, bhí formhór na dtionscadal faoi RBTC fós ar siúl. Dá bhrí sin, ní raibh torthaí na dtionscadal a bhí tugtha chun críche ar fáil in am chun ullmhú do sheoladh CEC.

**IV** Nuair a cuireadh na chéad chláir oibre bhliantúla faoi RBTC ar bun, ba é leagan 2014 den Phlean Forbraíochta um Chumas an t-aon uirlis a bhí ar fáil chun anailís a dhéanamh ar bheartas cosanta an Aontais agus chun tosaíochtaí acmhainneachta a leagan síos lena aghaidh. Tá roinnt uirlisí agus tionscnamh pleanála breise le haghaidh phleanáil fhadtéarmach an Aontais dá chaiteachas ar chosaint ar fáil anois agus caithfear iad sin a chomhordú. Fuaireamar amach go raibh teorainn leis an úsáid a baineadh as na huirlisí sin do na chéad chláir oibre faoi CEC.

**V** Cuireann an Conradh ar an Aontas Eorpach srian ar an úsáid is féidir a bhaint as buiséad an Aontais don chosaint. Tá gníomhaíocht an Aontais i réimse na cosanta teoranta don chomhbheartas slándála agus cosanta, ar uirlis bainistithe géarchéime sheachtrach é, agus níl sé ceaptha a bheith ina bheartas cosanta comhchoiteann don Aontas Eorpach a chuimseodh, mar shampla, sainmhíniú coiteann ar na bagairtí. Fágann an srian sin go bhfuil sé casta pleanáil fhadtéarmach Eorpach a dhéanamh i gcás chaiteachas an Aontais i réimse na cosanta.

**VI** Níl straitéis níos fadtéarmaí le haghaidh CEC fós ag an Aontas. Níor thug an Coimisiún aghaidh go leordhóthanach fós ar shaincheisteanna straitéiseacha a ligfeadh do thionscadail faoi CEC an tionchar atá beartaithe leo a bheith acu. Maidir le tionscadail taighde cosanta faoi RBTC, ní leagtar amach plean dóibh ag an tús ina sonraítear conas a dhéileálfar le torthaí taighde ag tráth níos faide anonn; táimid ag caint anseo ar thaighde breise, forbairt, monaraíocht, an próiseas soláthair agus gnéithe eile.

**VII** I bhfianaise go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an ualach oibre i réimse na cosanta, tá brú agus dúshláin as cuimse ann i gcónaí don Choimisiún ó thaobh acmhainní daonna de. De mhaolú ar phrionsabal na bainistíochta dírí, is féidir gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme trí bhainistíocht indíreach i gcásanna a bhfuil údar cuí leo; agus fágann sé sin gur lú d'fhoireann an Choimisiúin a bhíonn ag teastáil lena n-aghaidh. Dúirt airí cosanta, comhordaitheoirí tionscadail RBTC agus rannpháirtithe gur rud dearfach é an modh bainistíochta sin. Ina ainneoin sin, is mó d'eisceacht é sin seachas gnáthchleachtas.

**VIII** Is i mBallstáit a bhfuil tionscail mhóra chosanta acu is mó a bhí fáil ar chomhordaitheoirí tionscadail agus rannpháirtithe tionscadail. Thugamar faoi deara gur ghlac na teaglamaí céanna de chuideachtaí páirt i roinnt tionscadail éagsúla. Is éard a bhí i gceist le formhór mór na gcuibhreannas faoi RBTC ná leanúint ar aghaidh den chomhar idir eintitis a bhí ag obair le chéile cheana féin sular tháinig ann don chlár.

**IX** Chuir aireachtaí cosanta, chomh maith le comhordaitheoirí agus rannpháirtithe tionscadail faoi RBTC, béim ar an ngá atá le tréimhse ama níos faide ná aon bhliain amháin do chláir oibre CEC, ionas go mbeadh sé ar a gcumas a dtosaíochtaí a leagan síos thar thréimhse níos faide chun iad féin a ullmhú ar bhealach níos fearr. Mar chéad chéim, foilsíodh peirspictíocht ilbhliantúil tháscach le haghaidh CEC i mí na Bealtaine 2022.

**X** Chuir glaonna RBTC ar chumas an Choimisiúin cineálacha éagsúla próiseas a thástáil, rud a bhí ar cheann dá chuid cuspóirí agus a bhí úsáideach do na chéad ghlaonna bliantúla faoi CEC in 2021 agus 2022. Measadh uaireanta go raibh na ceanglais slándála ródhocht, agus d'fhág sé sin go raibh moill ar an bpróiseas chun deontais a chomhaontú. Chomh maith leis sin, chruthaigh siad deacrachtaí do chur chun feidhme na dtionscadal, rud a chuir isteach ar an gcumarsáid idir comhaltaí na gcuibhreannas. Maidir leis na doiciméid faoi na ceachtanna a foghlaimíodh ó RBTC, a d'ullmhaigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, dhírigh siad

sin isteach ar phróisis agus pléadh leis na príomh-gheallsealbhóirí iad. Níor cuireadh cuid de na ceachtanna a foghlaimíodh ó RBTC san áireamh do CEC.

**XI** Bunaithe ar na conclúidí sin, molaimid don Choimisiún oibriú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus leis na Ballstáit chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tréimhse phleanála níos faide ná aon bhliain amháin a úsáid le haghaidh cláir oibre faoi CEC;
- seicheamh comhleanúnach a leagan síos do na huirlisí pleanála agus comhair i réimse na cosanta Eorpaí atá ann cheana féin, agus measúnú breise a dhéanamh ar fhorbairt an chistithe cosanta san Aontas;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chun rannpháirtíocht in CEC a éascú tuilleadh;
- measúnú a dhéanamh ar úsáid níos leithne a bhaint as an mbainistíocht indíreach mar rogha do thionscadail CEC;
- straitéis fhadtéarmach a cheapadh le haghaidh CEC chun úsáid na teicneolaíochta a fhorbrófar de bhua an chiste a mhéadú in earnáil cosanta an Aontais.

# Réamhrá

## Bhí sé d’aidhm ag an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta an bealach a réiteach le haghaidh aga taighde don Chiste Eorpach Cosanta

**01** Rinneadh treoirthionscadal beag, i.e. an treoirthionscadal maidir le taighde cosanta, agus ina dhiaidh sin d’fhógair an Coimisiún i mí na Samhna 2016[1] go raibh sé ar intinn aige Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) a sheoladh le buiséad de €90 milliún do thréimhse 2017-2019. Cuireadh an seoladh i láthair mar ‘chéad chéim, atá teoranta ó thaobh ama agus buiséid de, a fhónfaidh chun tástáil a dhéanamh ar an mbreisluach a éiríonn as buiséad an Aontais a bheith ag tacú le taighde cosanta’, arb é ab aidhm dó ná ‘an bealach a réiteach do [...] chlár taighde Eorpach i réimse na cosanta’.

**02** Is é Airteagal 58 den Rialachán Airgeadais[2] an bunús dlí do na treoirthionscadail agus do na gníomhaíochtaí ullmhúcháin go léir, ní hamháin don chosaint. Tá gníomhaíochtaí ullmhúcháin ceaptha chun tograí a ullmhú d’fhonn gníomhaíochtaí a ghlacadh amach anseo. Is ag RBTC, go mór fada, atá an buiséad is airde i measc na dtreoirthionscadal agus na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin a seoladh idir 2014 agus 2019[3].

**03** Tá gníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhair sa tionscal cosanta bunaithe go sonrach ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[4], ina dtugtar an bunús dlí do bheartas tionsclaíoch an Aontais agus ina leagtar amach an aidhm a bhaineann lena bhunús eolaíoch agus teicneolaíoch a fheabhsú[5].

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint, COM(2016) 950.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

[3] Féach mar shampla: Ackermann, R., Blomeyer, R., Papi, J., et al., Treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin i mbuiséad AE 2014-2019, Parlaimint na hEorpa, 2020.

[4] Airteagal 173 CFAE.

[5] Airteagal 179 CFAE.

**04** I mí na Samhna 2016, d'ullmhaigh an Coimisiún an leagan deiridh de 'Páipéar Scóipe le haghaidh Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta' a bhí le húsáid mar 'threoraíocht chun forbairt a dhéanamh ar inneachar an Réamhbhirt maidir le Taighde Cosanta'. Tugadh le fios ann gur cheart go dtacódh an réamhbheart le forbairt na bpríomhchumas cosanta trí ghníomhú mar chatalaíoch do chláir um chomhar taighde agus teicneolaíochta san Eoraip. Bheadh an breisluach Eorpach le léiriú go soiléir trí tháscairí iomchuí a úsáid. Sonraíodh ann freisin céard a d'fhéadfadh a bheith i gceist le breisluach Eorpach trí liosta de shamplaí a thabhairt, a raibh 'dul i ngleic le heasnaimh chumais thábhachtacha' ar cheann acu.

**05** Bhí trí chuspóir ag RBTC[6]:

- breisluach an taighde agus na teicneolaíochta cosanta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a léiriú agus a mheasúnú;
- comhar a chothú idir na Ballstáit agus idir tionscail chosanta an Aontais, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus lucht léinn;
- comhchuid taighde ('aga') CEC a ullmhú ó 2021 ar aghaidh.

**06** Bhí sé beartaithe go mairfeadh RBTC ar feadh trí bliana, ó 2017 go 2019, le buiséad iomlán de €90 milliún miondealaithe mar seo a leanas: €25 mhilliún in 2017, €40 milliún in 2018 agus €25 mhilliún in 2019. Cé nach raibh ceanglas dlíthiúil air é sin a dhéanamh, bhunaigh an Coimisiún grúpa saineolaithe a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis na mBallstát (go príomha ó aireachtaí cosanta, ach freisin ó chomhlachtaí poiblí eile mar bhreathnóirí trí chuireadh díreach), ar a dtugtar coiste 'Mar a bheadh' an chláir. Chuathas i gcomhairle leis an gcoiste sin maidir le topaicí an chláir oibre bhliantúil agus maidir leis na ceanglais le haghaidh glaonna ar thograí. Na ceanglais le haghaidh glaonna ar thograí, rinne na Coimisinéirí iad a ghlacadh ina dhiaidh sin in éineacht leis an gcinneadh airgeadais agus leis an gclár oibre.

**07** Ag éirí as togra ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2018[7], ghlac an Chomhairle Rialachán CEC i mí an Mhárta 2021 agus ghlac Parlaimint na hEorpa é i mí Aibreáin 2021[8], agus tháinig sé i bhfeidhm go cúlghabhálach amhail ón 1 Eanáir 2021. Is é

---

[6] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC).


[7] Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta, COM(2018) 476.

[8] Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta.

€7 953 mhilliún an leithdháileadh chun an Ciste Eorpach Cosanta (CEC) a chur chun feidhme do thréimhse 2021-2027, le €2 651 mhilliún de sin le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus €5 302 mhilliún le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha. Chun forléargas a fháil ar na príomhchéimeanna agus ar na príomhdhoiciméid i bhforbairt CEC, féach *Iarscríbhinn I*.

**08** I *bhFíor 1*, déantar cur i láthair ar struchtúr na gclár éagsúil as ar lean CEC.


### Fíor 1 – RBTC, clár réamhtheachtach do CEC




*Foinse:* CIE.

**09** I *bhFíor 2*, taispeántar an forluí idir amlínte na gclár éagsúil.

### Fíor 2 – Amlínte don treoirthionscadal, do RBTC, don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (CEFTC) agus CEC




(*) Is eagraíocht idirnáisiúnta é 'Organisation Conjointe de Coopération en matière d'Armement' (OCCAR) a bhainistíonn cláir chomhoibritheacha um threalamh cosanta trína saolré. I láthair na huaire, is iad seo a leanas Ballstáit OCCAR: an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.

*Foinse:* CIE.

**10** Ag eascairt as RBTC agus as an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta[9], is athrú céimneach é tús CEC ar leibhéal chistiú an Aontais don taighde agus don fhorbairt i réimse na cosanta. Mar sin féin, caithfear breathnú ina cheart freisin air; mar shampla trína bhuiséad a chur i gcomparáid le caiteachas míleata ar fud an domhain nó le caiteachas ar thaighde agus forbairt cosanta i dtíortha a infheistíonn go mór sa réimse sin (i gcás ina bhfuil sonraí den sórt sin ar fáil). Tá an buiséad de €90 milliún atá ag RBTC agus an buiséad de € 7 953 milliún atá ag CEC réasúnta beag i

[9] Féach Rialachán (AE) 2018/1092 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta.

gcomparáid leis na buiséid chosanta agus na buiséid do thaighde agus forbairt cosanta atá ag Ballstáit an Aontais agus ag na gníomhaithe móra ar an leibhéal domhanda.[10]

**11** Ar an iomlán, is beagnach €84 bhilliún atá i láimhdeachas bliantúil measta earnáil cosanta an Aontais, agus meastar go dtacaíonn sé sin go díreach le hos cionn 196 000 post ardoilte agus le hos cionn 315 000 post go hindíreach[11]. Tá earnáil chosanta an Aontais comhdhéanta de líon teoranta mórghníomhaithe i roinnt tíortha (go háirithe an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn agus an tSualainn) agus suas le 2 500 fiontar beag agus meánmhéide. Baineann mórchuideachtaí cosanta tairbhe as dlúthchaidreamh lena rialtais náisiúnta féin. Tagann an t-éileamh mórán go huile is go hiomlán ó aireachtaí náisiúnta cosanta.

## Chuir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint RBTC chun feidhme

**12** Sula ndearnadh aon chaiteachas buiséadach Eorpach ar an gcosaint, bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) faoi ghníomhaíocht chomhpháirteach de chuid Chomhairle na nAirí an 12 Iúil 2004. Ba é an misean a bhí aige ná ‘tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Chomhairle ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar chumais chosanta na hEorpa i réimse an bhainistithe géarchéime agus beartas slándála agus cosanta na hEorpa a chothabháil de réir mar atá sé anois agus forbairt a dhéanamh air amach anseo’. Chun clár RBTC a chur chun feidhme, síníodh comhaontú tarmligin an 31 Bealtaine 2017 idir an Coimisiún agus GEC[12]. Cuireadh an clár chun feidhme go ginearálta faoi bhainistíocht indíreach (maidir le deighilt na bhfreagrachtaí, féach ***Bosca 1***). Chinn an Coimisiún bainistíocht a dhéanamh ar an nglao deireanach ó RBTC, ‘Dul i ngleic leis an todhchaí – Teicneolaíocht shuaiteach’, chun tástáil a dhéanamh ar bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún ar thionscadail taighde agus teicneolaíochta i réimse na cosanta, agus ar a úsáidí atá an nós imeachta

[10] Féach mar shampla: Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún maidir leis an anailís ar bhearnaí infheistíochta sa réimse cosanta agus an bealach chun cinn, JOIN(2022) 24, lch. 4 agus an bhileog eolais ó Sheirbhís Taighde Chomhdháil na Stát Aontaithe dar teideal ‘Caiteachas rialtais ar T&F cosanta ag na Stáit Aontaithe agus tíortha eile ECFE’.

[11] Féach an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún maidir leis an anailís ar bhearnaí infheistíochta sa réimse cosanta agus an bealach chun cinn, JOIN(2022) 24, lch. 5.

[12] Arna leasú an 29 Eanáir 2019, an 21 Nollaig 2020 agus an 29 Meitheamh 2021, féach suíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

meastóireachta dhá chéim a mbeadh ionsaithe ó na hairí cosanta náisiúnta páirteach ann.

**Bosca 1**

**Freagrachtaí an Choimisiúin agus GEC maidir le RBTC**

Bhí an Coimisiún freagrach as na nithe seo a leanas:

- bainistíocht fhoriomlán RBTC;
- a chláir oibre agus na téacsanna a bhaineann leis an nglao gaolmhar ar thograí a ullmhú;
- grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe slándála na dtograí;
- bainistiú a dhéanamh ar an nglao 'Dul i ngleic leis an todhchaí – Teicneolaíocht shuaiteach'.

Bhí GEC freagrach as na nithe seo a leanas:

- na glaonna formheasta ar thograí a fhoilsiú;
- meastóireacht a dhéanamh ar na tograí;
- cinntí dámhachtana a dhéanamh;
- comhaontuithe deontais a chaibidliú agus a shíniú do na tionscadail a roghnaíodh;
- faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal a cistíodh.

**13** Ag éirí as na naoi nglao a áiríodh sna cláir oibre bhliantúla (trí cinn gach bliain in 2017, 2018 agus 2019), roghnaíodh 18 dtionscadal RBTC (féach ***Iarscríbhinn II***). Cé gurbh é an tionscadal dar teideal 'OCEAN 2020' an tionscadal ba mhó le buiséad de €35.4 milliún, bhí buiséid d'os cionn €5 mhilliún ag trí thionscadal eile. Bhí na 14 thionscadal eile i bhfad níos lú, le buiséad foriomlán iomlán de €22.2 milliún, nó €1.6 milliún ar an meán in aghaidh an tionscadail.

## Na forbairtí is déanaí i réimse chosaint an Aontais Eorpaigh

**14** Ó cuireadh tús le RBTC, tá go leor forbairtí suntasacha déanta i réimse na cosanta san Aontas Eorpach. Mar shampla, mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, maoiníonn an tAontas anois ceannach agus seachadadh arm marfach don Úcráin trí bhíthin na Saoráide Eorpaí Síochána[13] [14]. I mí Feabhra 2022, d'eisigh an Coimisiún gníomhaíochtaí suntasacha freisin chun rannchuidiú le cosaint an Aontais, chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha[15]. Sa bhreis air sin, d'eisigh an Coimisiún roinnt doiciméad straitéiseach in 2022 (féach ***Iarscríbhinn I***).

---

[13] Preaseisiúint ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Sraith nua beart glactha ag an Aontas chun freagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, 28.2.2022.

[14] Preaseisiúint ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Tacaíocht ón Aontas Eorpach don Úcráin: An tríú tráinse tacaíochta faoin tSaoráid Eorpach Síochána dar luach €1.5 billiún comhaontaithe ag an gComhairle, 13.4.2022.

[15] An Coimisiún Eorpach, Cosaint: Eisíonn an Coimisiún gníomhaíochtaí suntasacha chun rannchuidiú leis an gcosaint Eorpach, chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha, 15.2.2022.

# Scóip agus cur chuige na hiniuchóireachta

**15** Ba é cuspóir an iniúchta seo ná measúnú a dhéanamh féachaint an ndearna RBTC an tAontas Eorpach a ullmhú go cuí chun a chaiteachas ar chosaint a mhéadú trí bhíthin an Chiste Eorpaigh Cosanta. Ba é sin an chéad deis a bhí againn iniúchóireacht a dhéanamh ar chaiteachas cosanta an Aontais trína bhféadfaimis tionscadail a fuair maoiniú a roghnú a bhí ag céim sách fada chun cinn a ligfeadh dúinn teacht ar chonclúidí, agus moltaí a dhéanamh atá dírithe ar fheabhas a chur ar chaiteachas an Aontais trí CEC.

**16** Chun freagra a thabhairt ar an bpríomhcheist iniúchóireachta, chuireamar na fo-cheisteanna seo a leanas:

- Ar cuireadh tosaíochtaí cumais san áireamh i gcláir oibre RBTC?
- Ar bhain an Coimisiún úsáid as RBTC chun tástáil a dhéanamh ar raon leathan próiseas chun clár cosanta a chur chun feidhme?
- An bhfuair an Coimisiún rannpháirtíocht leathan i dtionscadail RBTC?
- Ar éirigh le tionscadail RBTC na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach, agus ar chraobhscaoil siad go héifeachtach iad?
- An ndearna an Coimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó RBTC a chur san áireamh nuair a bhí CEC á sheoladh aige, lena n-áirítear ó thaobh na n-acmhainní a bhí riachtanach chun CEC a chur chun feidhme?

**17** Clúdaíonn an t-iniúchadh caiteachas RBTC ó 2018 go dtí 2022 agus an chéad dá ghlao CEC do 2021 agus 2022. Mar chuid dár gcuid oibre iniúchóireachta, rinneamar athbhreithniú ar dhoiciméid tacaíochta agus chuireamar agallamh ar ionadaithe ón gCoimisiún agus ó GEC. Ina theannta sin, chuamar i gcomhchomhairle le saineolaithe agus chuireamar agallamh ar na príomhpháirtithe leasmhara, go cianda nó le linn ár gcuairteanna ar chúig Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil): ochtar comhordaitheoirí tionscadail RBTC, comhaltaí ceannais ar chláir 'Mar a bheadh' RBTC agus toscairí choistí cláir CEC. Tá tionscail chosanta thábhachtacha ag ceithre cinn de na cúig Bhallstát sin. Roghnaíodh na comhordaitheoirí tionscadail ar tugadh cuairt orthu chun céatadán ard de bhuiséad RBTC a chlúdach (níos mó ná 80 %) ach, ní hamháin sin, roghnaíodh freisin iad chun gach cineál glao a úsáidtear a chlúdach. Rinneamar anailís mhionsonraithe ar

12 thionscadal RBTC as an iomlán de 18[16], ag clúdach níos mó ná 87 % den chistiú do thionscadal RBTC.

**18** Rinneamar ceithre shuirbhé: dhá shuirbhé ar na húdaráis náisiúnta (aireachtaí cosanta den chuid is mó) i mBallstáit uile an Aontais (comhaltaí ceannais ar chláir 'Mar a bheadh' RBTC agus toscairí ar choistí cláir CEC), agus dhá shuirbhé ar chomhaltaí cuibhreannais tionscadail (gach comhordaitheoir tionscadail agus sampla randamach de 34 rannpháirtí tionscadail as thart ar 200 ar an iomlán). Thug 14 Bhallstát freagra ar na suirbhéanna le haghaidh na n-údarás náisiúnta. Ba é 100 % an ráta freagartha do chomhordaitheoirí tionscadail agus 62 % do rannpháirtithe tionscadail. Ba é an cuspóir a bhí ann ná tuairimí agus faisnéis a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara RBTC, ach freisin ó pháirtithe leasmhara CEC, agus fianaise a chros-seiceáil.

**19** Ní dhéantar mionsonraí agus tagairtí áirithe a fhoilsiú sa tuarascáil agus tá cuid den fhaisnéis á cur i láthair i ndíth ainm mar gheall ar a rúnaicmiú slándála.

[16] AIDED, CROWN, EXCEED, GOSSRA, INTERACT, OCEAN 2020, PRIVILEGE, PYTHIA, QUANTAQUEST, SPINAR, TALOS, VESTLIFE.

# Barúlacha

## Forbraíodh uirlisí le bheith mar bhonn eolais chun tosaíochtaí cosanta CEC a shainaithint tar éis tús a bheith curtha le cláir oibre bhliantúla RBTC

**20** De réir na rialacha atá ann don 'nós imeachta coiste'[17], tá coiste cláir d'ionadaithe ó na Ballstáit ceaptha cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun an clár oibre agus na glaonna ar thograí a ullmhú. Tá gá le huirlisí chun a chur ar chumas na mBallstát a chinneadh cad iad na cumais chosanta ba cheart a bheith ina dtosaíochtaí do RBTC.

**21** Sa roinn seo, dá bhrí sin, táimid ag díriú isteach ar an gcaoi ar dhear an Coimisiún agus GEC próisis chun cláir oibre RBTC agus glaonna ar thograí a ullmhú. Rinneamar scrúdú féachaint:

- ar ghlac príomhpháirtithe leasmhara páirt in ullmhú na gclár oibre bliantúil, agus
- an ndearnadh cumais a measadh a bheith ina dtosaíochtaí don chosaint a chur san áireamh sna cláir sin.

### Ghlac na príomhpháirtithe leasmhara go léir páirt in ullmhú chláir oibre bhliantúla RBTC

**22** Chinn an Coimisiún gurb é GEC an comhlacht ab iomchuí chun tacú leis an gcéad chlár comhpháirteach comhair i réimse na cosanta idir na Ballstáit a bhí ag fáil maoiniú ón Aontas. Tharla sé sin mar gheall ar an méid seo a leanas:

(1) a shaineolas agus a thaithí ó thaobh tionscadail taighde cosanta a eagrú agus a bhainistiú;

(2) an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit nuair a bhíonn topaicí taighde á sainiú; agus

(3) an cumas atá ann tacú le Ballstáit ó thaobh leas a bhaint as torthaí na dtionscadal taighde.

---

[17] Féach Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

**23** Rinneadh RBTC a chur chun feidhme trí ghlaonna iomaíocha bliantúla ar thograí, bunaithe ar chláir oibre bhliantúla[18]. Cé nach n-éilítear é sin i gcreat dlíthiúil RBTC, rinneadh coiste chlár 'Mar a bheadh' a chur ar bun.

**24** Rinne coiste chlár 'Mar a bheadh' RBTC (féach mír ***06***):

- a chur ar chumas an Choimisiúin clár oibre a bhaineann le taighde cosanta a fhorbairt le cúnamh ó choiste cláir;
- rannpháirtíocht na mBallstát i sainiú agus i bhforbairt na gclár a chur chun cinn;
- comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn, trí phlé a dhéanamh ar thopaicí a bhféadfaí tionscadail taighde agus teicneolaíochta a chistiú ina leith agus trí theacht ar chomhaontú i dtaobh a ionchuir trí chomhthoil.

I gcás an Chiste Eorpaigh Cosanta, áfach, ní foláir coiste cláir a bhunú de réir Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta.

**25** Ar cheann de na cúraimí atá ar GEC, tá tionscadail um chomhar cosanta an Aontais a chur chun cinn agus fónamh mar fhóram d'airí cosanta an Aontais. Dá bhrí sin, in ainneoin gur mar bhreathnóir amháin a ghlac sé páirt i gcruinnithe choiste chlár 'Mar a bheadh'[19], chuir an ghníomhaireacht a saineolas ar fáil do na Ballstáit roimh na cruinnithe sin. Sholáthair sé ionchuir maidir le topaicí taighde a d'fhéadfaí a phlé tuilleadh i gcoiste chlár 'Mar a bheadh', agus chuidigh sé le dearcthaí na mBallstát a chomhdhlúthú trí chruinnithe tiomnaithe *ad hoc*[20].

**26** I dtéarmaí tagartha agus rialacha nós imeachta choiste chlár 'Mar a bheadh' le haghaidh taighde cosanta, áiríodh an fhéidearthacht foghrúpaí oibre a bhunú chun ábhair shonracha a scrúdú. Bunaíodh cuid acu (e.g. an foghrúpa maidir le córais ar shliseanna agus an foghrúpa maidir le córais fuinnimh dhírithe)[21] chun ceanglais theicniúla RBTC a dhréachtú. Cé go ndearna na foghrúpaí *ad hoc* sin tascanna topaiciúla a bhain le RBTC agus go raibh dó nó trí cinn de chruinnithe acu, chuir siad

---

[18] Féach suíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint ar an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta.

[19] Pointe 9 de théarmaí tagartha agus rialacha nós imeachta choiste chlár 'Mar a bheadh' le haghaidh taighde cosanta.

[20] Doiciméad ó Bhord Stiúrtha na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, 12 Nollaig 2019.

[21] Pointe 7 de théarmaí tagartha agus rialacha nós imeachta choiste chlár 'Mar a bheadh' le haghaidh taighde cosanta.

san áireamh freisin an t-ionchur a tháinig ó ghrúpaí teicneolaíochta cumais (CapTech) GEC a bhí ann cheana féin.

27 Bhí teagmháil rialta ag na haireachtaí cosanta lena dtionscail chosanta náisiúnta féin, ar cliaint mhóra díobh iad. Chuir sé sin ar a gcumas fáil amach faoi na línte taighde a bhí ann cheana féin agus measúnú a dhéanamh ar an spéis a d'fhéadfadh a bheith iontu ar leibhéal an Aontais agus an ndéanfaí iad a chur i láthair do choiste chlár 'Mar a bheadh' mar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a fhorbairt.

28 Ghlac an Coimisiún na cláir oibre bhliantúla bunaithe ar rannchuidithe maidir le forbairt cumais agus tosaíochtaí taighde cosanta ó choiste chlár 'Mar a bheadh' trí chomhthoil gan vóta foirmiúil. Sna cláir oibre, bhí tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí a bhí le maoiniú trí dheontais a dhámhachtain do thograí tionscadail a bhí curtha isteach ag cuibhreannais ag éirí as na glaonna sin ar thograí.

### Sna cláir oibre bhliantúla, rinneadh na gníomhaíochtaí tosaíochta maidir leis an gcumas cosanta – a bhí comhaontaithe laistigh de Phlean Forbraíochta um Chumas 2014 agus a bhí ar fáil ag an am – a chur san áireamh.

29 In 2008, d'fhoilsigh GEC an chéad leagan dá Phlean Forbartha um Chumas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhadtéarmacha slándála agus cosanta. D'fhéach sé ar shamhailchásanna slándála a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí agus rinne sé moltaí maidir leis na cumais a bheadh ag teastáil ó fhórsaí míleata Eorpacha chun freagairt d'fhorbairtí féideartha éagsúla ('tosaíochtaí cumais'). Foilsíodh leaganacha nuashonraithe in 2010, 2014 agus 2018. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach an 19 agus 20 Nollaig 2013, sainaithníodh an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar fhorbairt chumais mhíleata an Aontais Eorpaigh.

30 Nuair a rinneadh na chéad chláir oibre bliantúla a bhí ag RBTC a chur ar bun, ba é leagan 2014 den Phlean Forbraíochta um Chumas an t-aon uirlis a bhí ar fáil chun tosaíochtaí cumais i gcosaint an Aontais a anailísiú agus a shocrú. Níor mheas an Coimisiún go raibh plean 2014 go hiomlán infheidhmithe don taighde cosanta mar gheall ar an gclúdach an-leathan a bhí ann agus mar gheall ar bhuiséad teoranta RBTC[22].


---

[22] An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Tugann GEC cuntas ar phríomhthosaíochtaí an leagain athbhreithnithe den Phlean Forbraíochta um Chumas, 19.11.2014.

**31** Fuaireamar, tar éis rannpháirtíocht éigin a bheith ag na príomhpháirtithe leasmhara go léir (an Coimisiún, na Ballstáit, GEC agus an tionscal) in ullmhú na gclár oibre bliantúil, go raibh níos mó ná dhá thrian de thopaicí RBTC agus de na tionscadail roghnaithe ag baint leis na tosaíochtaí cumais atá leagtha amach i bPlean Forbraíochta um Chumas 2014 (féach ***Fíor 3***). D'fhóin idirphlé leanúnach idir an tionscal agus aireachtaí (féach mír ***27***) chun bunlíne luachmhar a sholáthar le haghaidh cláir oibre RBTC, amhail na topaicí a bhí molta ag Comhlachas Thionscail Aeraspáis agus Cosanta na hEorpa (ASD) ina pháipéir sheasaimh maidir le RBTC[23].

[23] Féach mar shampla: Comhlachas Thionscail Aeraspáis, Slándála agus Cosanta na hEorpa, Tosaíochtaí Teicneolaíochta le haghaidh Réamhbheart an Aontais Eorpaigh maidir le taighde a bhaineann le CBSC, 14.10.2015.

**Fíor 3 – Samplaí de naisc idir gníomhaíochtaí tosaíochta Phlean Forbraíochta um Chumas 2014 agus topaicí agus tionscadail RBTC**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar Phlean Forbraíochta um Chumas 2014.

**32** Bhí ceisteanna maidir le tosaíochtaí cumais san áireamh sna suirbhéanna a dhíríomar chuig na húdaráis náisiúnta (comhaltaí choiste chlár 'Mar a bheadh' agus choiste chlár CEC), agus chuig comhordaitheoirí tionscadail RBTC agus chuig an sampla de rannpháirtithe tionscadail RBTC (féach na torthaí i ***mBosca 2***).

**Bosca 2**

**Aiseolas ó gheallsealbhóirí RBTC maidir le dul i ngleic le cumais chosanta ábhartha**

D'aontaigh níos mó ná 88 % de chomhordaitheoirí tionscadail RBTC agus níos mó ná 80 % (17) de rannpháirtithe tionscadail a thug freagra ar ár suirbhé gur thug cláir oibre agus glaonna RBTC aghaidh ar na tosaíochtaí ab ábhartha maidir le cumas cosanta an Aontais.

Bhí éagsúlacht i dtuairimí na n-údarás náisiúnta, áfach, le 50 % de fhreagróirí ag rá nach raibh siad ag aontú ná ag easaontú. De réir phéire de na cúig aireacht chosanta ar thugamar cuairt orthu, measadh nach raibh an cheist sin chomh hábhartha sin ós rud é gur 'mhodh tástála' nós imeachta do CEC a bhí in RBTC agus nach raibh a bhuiséad leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar phríomhthosaíochtaí cumais.

**33** Shainaithin GEC agus na Ballstáit a bhí rannpháirteach in RBTC go raibh gá le cur chuige níos córasaí maidir le taighde cosanta an Aontais i ndiaidh RBTC. Chuige sin, tá an Clár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde, a d'fhorbair GEC in éineacht leis na Ballstáit rannpháirteacha agus a formhuiníodh i mí na Nollag 2018, ceaptha léargas comhchuibhithe a thabhairt ar thosaíochtaí taighde cosanta ábhartha an Aontais agus ar bhealaí féideartha chun iad a bhaint amach (féach ***Iarscríbhinn I***).

**34** Bhí tionscnaimh eile ann freisin chun anailís agus socrú a dhéanamh ar thosaíochtaí cumais i gcosaint an Aontais, a d'fhéadfaí a úsáid in ullmhú chláir oibre bhliantúla CEC (féach ***Bosca 3***).

### Bosca 3

### Uirlis agus tionscnaimh socraithe tosaíochtaí cosanta de chuid an Aontais a seoladh tar éis thús RBTC

**Plean Forbraíochta um Chumas 2018** agus na tosaíochtaí cumais a sainaithníodh ann: a d'fhormheas na Ballstáit an 28 Meitheamh 2018. Chomh maith le tosaíochtaí cumais, sainaithnítear i bplean 2018 cad iad na gníomhaíochtaí ar féidir leis na Ballstáit comhoibriú ina leith faoi chreataí éagsúla lena n-áirítear an Buanchomhar Struchtúrtha, trí úsáid a bhaint as cláir de chuid an Aontais amhail an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta agus CEC i gcás inarb iomchuí. Leis an athbhreithniú ar phlean 2018, tugtar isteach uirlis nua ar a dtugtar 'cásanna comhthéacs straitéisigh' chun treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme comhoibritheach na dtosaíochtaí a sainaithníodh.

An **tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint**: tugtar léargas ann ar na cumais chosanta atá ann cheana féin san Aontas agus sainaithnítear réimsí comhair a d'fhéadfadh a bheith ann. Tar éis iarracht thrialach in 2017/2018, seoladh an chéad timthriall athbhreithnithe bliantúil iomlán i bhfómhar 2019 agus tugadh chun críche é i mí na Samhna 2020 le tuarascáil deiridh chuig Bord Stiúrtha GEC, atá comhdhéanta d'airí cosanta náisiúnta.

**Buanchomhar Struchtúrtha** (**PESCO**): bunaithe le cinneadh ón gComhairle ar an 11 Nollaig 2017, le 25 Bhallstát de chuid an Aontais, cuirtear creat dlíthiúil ar fáil le haghaidh pleanáil, forbairt agus infheistíocht a dhéanamh ar bhonn comhpháirteach i dtionscadail chomhroinnte cumais, agus chun ullmhacht oibríochtúil agus rannchuidiú na bhfórsaí armtha a fheabhsú.

## Bhain an Coimisiún úsáid as RBTC chun cineálacha éagsúla próiseas a thástáil chun tionscadail chosanta a bhainistiú agus chun dea-chleachtais agus fadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme a shainaithint

**35** De réir na gcinntí ón gCoimisiún maidir le maoiniú RBTC[24], is é is cuspóir do RBTC ná sásraí a ullmhú agus a thástáil chun réimse leathan gníomhaíochtaí comhoibritheacha sa taighde agus teicneolaíocht chosanta, atá cistithe ag an Aontas, a chur ar fáil. Ós rud é gur glaonna ar thograí a úsáidtear faoi RBTC, cé go mbaineann

[24] Féach an cinneadh airgeadais ón gCoimisiún maidir le RBTC 2017, C(2017) 2262; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2018 agus an clár oibre le haghaidh 2018, C(2018) 1383; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2019 agus an clár oibre le haghaidh 2019, C(2019) 1873.

tionscal na cosanta úsáid de ghnáth as próiseas soláthair phoiblí, ní mór a chur ina luí ar na geallsealbhóirí uile go bhfuil próiseas meastóireachta le haghaidh glaonna ann atá cothrom agus trédhearcach. Ba cheart an tréimhse atá ann sula bhféadfar tús a chur go hiarbhír le cur chun feidhme an tionscadail a bhainistiú go héifeachtúil, agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar thionscadail ar shlí atá éifeachtach agus úsáideach.

**36** Sa roinn seo, dá bhrí sin, táimid ag díriú isteach ar RBTC mar 'mhodh tástála' do CEC. Rinneamar scrúdú féachaint:

- ar bhain an Coimisiún úsáid as glaonna RBTC chun cineálacha éagsúla próiseas a thástáil;
- an ndearna na próisis mheastóireachta agus dámhachtana measúnú ar thograí ar bhealach comhsheasmhach;
- nár chuir ullmhú na gcomhaontuithe deontais moill ar chur chun feidhme;
- an ndearna GEC agus an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme RBTC.

### Chuir glaonna RBTC ar chumas an Choimisiúin cineálacha éagsúla próiseas a thástáil chun tionscadail taighde cosanta a bhainistiú

**37** Is tástáil a bhí in RBTC ar an toil pholaitiúil a bheadh ann le haghaidh clár taighde agus teicneolaíochtaí i réimse cosanta an Aontais agus ar fhreagairt bhonn teicneolaíoch agus tionscail réimse cosanta an Aontais i leith an chlár agus i leith na bpróiseas. Chuir glaonna RBTC ar chumas an Choimisiúin cineálacha éagsúla próiseas a thástáil, rud a bhí ar cheann dá chuspóirí (féach ***Iarscríbhinn III***):

- glao le topaic shonrach seachas glao oscailte, i gcás an ghlao le haghaidh teicneolaíocht shuaiteach dar teideal 'Dul i ngleic leis an todhchaí' (an glao oscailte);
- gníomhaíocht taighde seachas gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta[25];
- glaonna lena mbaineann aisíocaíocht na gcostas seachas glaonna cnapshuime le haghaidh an ghlao oscailte;

[25] Le haghaidh sainmhínithe, féach An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Glaonna RBTC 2018 — Iarscríbhinn D. Cineálacha gníomhaíochta: forálacha sonracha agus rátaí cistiúcháin, lch. 31.

- meastóireacht aon-chéime seachas meastóireacht dhá chéim i gcás an ghlao oscailte;
- bainistíocht indíreach (ag GEC) seachas bainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún, le haghaidh an ghlao oscailte; is é an t-aonad céanna sa Choimisiún a rinne an bhainistíocht dhíreach ar fad, agus tháinig an t-aonad sin chun bheith ina chuid d'Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (AS DEFIS) tar éis a bhunaithe i mí Eanáir 2020;
- glaonna le buiséad níos airde seachas glaonna le buiséad níos ísle;
- leibhéil na hullmhachta teicneolaíochta (LUTanna) a bhí éagsúil don taighde agus don teicneolaíocht : chlúdaigh na glaonna beagnach an speictream ar fad;
- cineálacha éagsúla cur chuige sa mheastóireacht (féach ***Tábla 1***).

**38** Rinneadh an próiseas dhá chéim chun iarratais a chur isteach faoin nglao oscailte a dhearadh chun cur isteach na n-iarratas a shimpliú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'iontrálaithe nua; sa chéad chéim, ní raibh orthu ach líon teoranta leathanach a chur isteach inar tugadh cuntas ar a dtograí (ar an gcaoi sin, laghdaíodh an t-am agus an infheistíocht a bhí le caitheamh leis ag an gcéim sin).

**39** Sheol an Coimisiún glao oscailte RBTC dar teideal 'Dul i ngleic leis an todhchaí' in 2019 chun tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí cosanta suaiteacha don todhchaí (féach ***Iarscríbhinn II***). Bhí sé i gceist rochtain a thabhairt do dhaoine nua agus smaointe 'lasmuigh den bhosca' a spreagadh. As an 52 thogra a fuarthas, rinneadh deontais a dhámhachtain ar thrí thionscadal. I measc an 12 eintiteas atá rannpháirteach sna trí thionscadal sin, tá cuideachta mhór amháin atá rannpháirteach i ngach ceann de na trí thionscadal, sin chomh maith le seacht dtionscadal eile de chuid RBTC. Tá ionad taighde mór amháin rannpháirteach i sé thionscadal eile de chuid RBTC. Is iontrálaithe nua atá i sé eintiteas, lena n-áirítear ollscoileanna a bhfuil páirt glactha acu in go leor clár taighde eile de chuid an Aontais (amhail FP7, Fís 2020 nó Fís Eorpach).

### Bhí an próiseas meastóireachta agus dámhachtana cuimsitheach, thug sé chun suntais go raibh deacrachtaí ann a bhain le saineolaithe cosanta a earcú chun tograí a mheas

**40** Bhain RBTC úsáid as go leor gnéithe de chlár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís 2020, go háirithe a phróiseas meastóireachta agus dámhachtana le haghaidh tograí. Mar shampla, tháinig na trí chritéar meastóireachta agus dámhachtana le haghaidh

RBTC (sármhaitheas, tionchar, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) ó na cinn a úsáideadh le haghaidh Fís 2020.

**41** Roghnaíodh saineolaithe neamhspleácha trí ghlaonna speisialaithe ina raibh tuairisc mhion ar a gcuid cúraimí[26]. Ba phróiseas deacair é sin toisc nach raibh mórán saineolaithe ar fáil ar an margadh agus go raibh orthu imréiteach slándála pearsanra a bheith acu óna n-údaráis náisiúnta. I gCéim 1 den ghlao oscailte dar teideal 'Dul i ngleic leis an todhchaí' áiríodh meastóireacht mhíleata a raibh saineolaithe míleata náisiúnta páirteach inti. Cé gur réitíodh an tsaincheist faoi shaineolaithe conarthacha i gcás RBTC, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhadhb i gcás CEC, áit a mbeidh líon na dtionscadal i bhfad níos airde.

**42** Mar atá mionsonraithe i ***dTábla 1***, bhí próisis mheastóireachta agus dámhachtana RBTC cuimsitheach.

### Tábla 1 – Próiseas meastóireachta agus dámhachtana RBTC: príomhchéimeanna

| Príomhchéimeanna do na 15 thionscadal atá faoi bhainistíocht indíreach ag GEC |
| --- |
| o Measúnú aonair arna dhéanamh ag triúr saineolaithe neamhspleácha |
| o Tuarascáil chomhthola ón triúr saineolaithe tar éis cruinniú arna stiúradh ag GEC |
| o Bíonn cruinniú ag an bpainéal, a bhfuil GEC ina chathaoirleach air, le hionadaithe ó GEC agus ón gCoimisiún, leis na saineolaithe neamhspleácha chun scóir an mheasúnaithe a chalabrú agus tuarascáil achomair mheastóireachta a chur ar fáil |
| o Déanann breathnóir neamhspleách a bhí páirteach sa phróiseas meastóireachta ó thús go deireadh tuarascáil maidir leis an gcaoi ar cuireadh an mheastóireacht i gcrích agus ina ndearnadh moltaí a chur ar fáil |
| o Athbhreithnithe eiticiúla, dlíthiúla agus sochaíocha, arna ndéanamh ag saineolaithe neamhspleácha agus arna stiúradh ag GEC |
| o Grinnscrúdú slándála ar thograí atá incháilithe do mhaoiniú ón gCoimisiún, le cúnamh ó ghrúpa saineolaithe rialtais arna gceapadh ag údaráis slándála náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hIorua |

[26] An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Glao ar shaineolaithe chun cabhrú leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) le cúraimí a bhaineann leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta.

| Príomhchéimeanna don trí thionscadal atá faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin |
| --- |
| o Céim 1: measúnú aonair ar chreata an togra arna dhéanamh ag triúr saineolaithe neamhspleácha; tuarascáil chomhthola ón triúr saineolaithe ag éirí as cruinniú arna stiúradh ag an gCoimisiún |
| o Measúnú tionchair míleata ag saineolaithe míleata ó aireachtaí cosanta uile na mBallstát, trína ndéantar an dá scór a shuimiú faoi mar a mhínítear i dtéacs an ghlao (*) |
| o Céim 2: measúnú aonair ar na tograí iomlána i gcás an 12 thogra a fuair an rátáil is airde sa chéad chéim, arna déanamh ag triúr saineolaithe neamhspleácha ag éirí as cruinniú arna stiúradh ag an gCoimisiún |
| o Bíonn cruinniú ag an bpainéal, a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air, leis na saineolaithe neamhspleácha chun scóir an mheasúnaithe a chalabrú agus tuarascáil achomair mheastóireachta a chur ar fáil |
| o Déanann breathnóir neamhspleách a bhí páirteach sa phróiseas meastóireachta ó thús go deireadh tuarascáil maidir leis an gcaoi ar cuireadh an mheastóireacht i gcrích agus ina ndearnadh moltaí a chur ar fáil |
| o Athbhreithnithe eiticiúla, dlíthiúla agus sochaíocha, arna ndéanamh ag saineolaithe neamhspleácha agus arna stiúradh ag an gCoimisiún |
| o Grinnscrúdú slándála ar thograí atá incháilithe do mhaoiniú ón gCoimisiún, le cúnamh ó ghrúpa saineolaithe rialtais arna gceapadh ag údaráis slándála náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hIorua |

(*) Sa chéad chéim den mheastóireacht, thángthas ar shuim ualaithe de na pointí (ualú clasaiceach na gcritéar dámhachtana don chuid eolaíoch agus don chuid a bhaineann le cúrsaí míleata, trína raibh líon socraithe pointí ag gach Ballstát a bhí le dáileadh ar na hiarratais uile a fuarthas).

*Foinse:* CIE.


## I gcás 5 thionscadal as an 12 a ndearnadh anailís orthu, bhí níos mó ná dhá bhliain i gceist leis an am a thóg sé ó sheoladh na nglaonna go dtí síniú na gcomhaontuithe deontais

**43** Tar éis an chinnidh dámhachtana agus na torthaí a fhógairt, cuireadh tús leis an bpróiseas chun comhaontuithe deontais a ullmhú leis na cuibhreannais. Ba é GEC an t-údarás deonúcháin le haghaidh 15 de na 18 dtionscadal RBTC, agus ba é an Coimisiún an t-údarás deonúcháin le haghaidh na dtrí thionscadal eile.

**44** In ***Iarscríbhinn IV***, tugtar forléargas ar an bpróiseas a úsáideann GEC go dtí go sínítear an comhaontú deontais.

**45** Maidir leis an am foriomlán a glacadh idir na glaonna a sheoladh agus comhaontuithe deontais a shíniú (i.e. sula bhféadfaí tús a chur leis an obair ar na tionscadail go hiarbhír), bhí éagsúlacht shuntasach ansin ó thionscadal go chéile i measc an 12 thionscadal RBTC a ndearnadh anailís orthu ar bhealach níos mionsonraithe, ag dul ó 7 mí go 30 mí agus is beagán os cionn bliain go leith a bhí ann ar an meán (féach ***Fíor 4***). Bhí ceithre cinn as ocht gcuideachta phríobháideacha a bhí ag comhordú cuibhreannais RBTC agus a cuireadh faoi agallamh a dúirt linn go raibh an t-aga moille seo ró-fhada. Dúirt dhá aireacht as cúig cinn a cuireadh faoi agallamh an rud céanna agus mheas péire eile gur gnáthrud é sin i gcúrsaí cosanta. Pé scéal é, má bhíonn an t-am is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus chun comhaontuithe deontais do RBTC a thabhairt chun críche mar a chéile in CEC a seoladh le déanaí, tá an baol ann go gcuirfear moill shuntasach ar chur chun feidhme an chláir.

### Fíor 4 – An t-achar ama a bhí i gceist idir seoladh na nglaonna agus síniú na gcomhaontuithe deontais (i míonna)




*Foinse:* CIE.

## Bhí an faireachán ar thionscadail a rinne an Coimisiún agus GEC éifeachtach

**46** A thúisce a bhí comhaontuithe deontais ullmhaithe, bhí GEC i gceannas ar na 15 thionscadal faoi bhainistíocht indíreach a chur chun feidhme ar feadh a saolré. Áiríodh leis sin faireachán, measúnú ar a ndul chun cinn agus ar a dtuarascálacha deiridh, seiceálacha ar an bhfód agus *ex post* a dhéanamh, na hiarmhéideanna deiridh a íoc agus oibríochtaí a dhúnadh.

**47** Sa chomhaontú tarmligin idir AE agus GEC ar chur chun feidhme RBTC (féach mír ***12***), tugtar tuairisc ar ról GEC agus áirítear ann liosta iomlán de na tuarascálacha[27] atá le cur faoi bhráid AS DEFIS, a cuireadh ar fáil in am. I gceann díobh sin (i.e. tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme), tugtar tuairisc go príomha ar staid reatha na dtionscadal, ar an bhfaireachán a dhéanann GEC ar a spriocdhátaí, agus ar na príomh-shaincheisteanna agus na príomhdheacrachtaí atá ag eascairt as a gcur chun feidhme. Tugtar tuairisc ann freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail atá dúnta nó atá fós idir lámha agus ar na príomhrudaí a mheastar a bhainfear amach sna chéad sé mhí eile. Sa chomhaontú tarmligin idir an Coimisiún agus GEC, tugtar tuairisc ar ról GEC agus, mar ghníomhaireacht cur chun feidhme, ar na cúraimí atá curtha ar iontaoibh na gníomhaireachta; sainítear ann freisin cad iad na sásraí atá ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcúraimí sin atá curtha ar iontaoibh na gníomhaireachtaí, a bhfuil rialú airgeadais san áireamh leo agus gan a bheith teoranta dó sin amháin.

**48** Níor eisigh GEC an chéad leagan dá nós imeachta faireacháin ar thionscadail go dtí an 30 Samhain 2021, beagnach trí bliana tar éis thús an chéad tionscadail RBTC. Mar sin féin, fiú sular eisíodh an nós imeachta sin, rinne GEC (don bhainistíocht indíreach) agus AS DEFIS sa Choimisiún (don bhainistíocht dhíreach) faireachán rialta ar thionscadail RBTC i gcás na dtionscadal go léir. Is i bhfoirm seiceálacha deisce agus seiceálacha teicniúla ar an bhfód (lena n-áirítear athbhreithnithe ar inseachadáin agus doiciméid eile a bhaineann le bainistiú na gcomhaontuithe deontais) a rinneadh an faireachán sin.

**49** Ós rud é go ndéantar na trí thionscadal teicneolaíochtaí suaiteacha don todhchaí faoi ‘Dul i ngleic leis an todhchaí’ – atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún – a chistiú le deontais chnapshuime (tionscadail SPINAR, PRIVILEGE, METAMASK), níl aon cheanglas tuairiscithe airgeadais ann fad atá na tionscadail sin fós ar siúl. Tar éis do gach tionscadal réamh-mhaoiniú 65 % a fháil, ar gnáthchleachtas é do thionscadail taighde sibhialta AE, níl aon tuairisciú idirmheánach ann do na trí thionscadal sin, nach maireann ach dhá bhliain. Tá tuairisciú leanúnach ann, áfach, ar bhaint amach na n-inseachadán don tionscadal atá sonraithe ina gcomhaontuithe deontais faoi seach. Ag deireadh an tionscadail, íocfar an t-iarmhéid atá fós amuigh ar bhonn na bpacáistí oibre/aschuir a tháirgtear go hiarbhír.

---

[27] Tuarascálacha Sintéise Teicniúla, Tuarascálacha Lár na Bliana ar Chur Chun Feidhme.

50 Ar an iomlán, de réir chomhordaitheoirí agus rannpháirtithe an tionscadail, bhí an faireachán ar thionscadail RBTC éifeachtach. Is freagra dearfach a thug 94 % de chomhordaitheoirí uile an tionscadail agus 71 % (15) de rannpháirtithe an tionscadail ar cheisteanna inár suirbhé faoi cé acu a bhí nó nach raibh an faireachán a rinne GEC nó an Coimisiún Eorpach éifeachtach agus úsáideach. Fuaireamar tráchtanna, áfach, faoin gcastacht riaracháin a bhaineann le páirt a ghlacadh i dtionscadail chosanta an Aontais, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (féach mír *38*). Mheas 53 % de na comhordaitheoirí tionscadail go léir agus 48 % (10) de na rannpháirtithe tionscadail a thug tuairim uathu gur próiseas casta a bhí i gceist le togra tionscadail RBTC a chur isteach, ach mheas 12 % agus 10 % (2), faoi seach, nárbh amhlaidh an cás. I measc na samplaí a tugadh, bhí an chastacht a bhaineann le cuibhreannas a eagrú agus an doiciméadú a bhí riachtanach.

51 Thairis sin, bhí an t-aiseolas ó chomhordaitheoirí tionscadail agus ó rannpháirtithe maidir le cáilíocht a n-idirghníomhaíochtaí le GEC agus leis an gCoimisiún araon dearfach ar an iomlán. Go sonrach, thug siad tuairisc ar an tacaíocht a chuir oifigigh thionscadail GEC ar fáil maidir le saincheisteanna teicniúla agus bainistíochta mar thacaíocht a bhí leanúnach, gníomhach agus cabhrach.

52 Eascraíonn an dearcadh dearfach seo ar thacaíocht an GEC go sonrach ó oifigeach tionscadail aonair GEC a bheith sannta do gach tionscadal ar feadh a ré iomláin. Fuaireamar amach gur athraigh oifigigh thionscadail i gcásanna áirithe, ach nárbh é castacht an tionscadail ná cúiseanna airgeadais ba chúis leis sin, ach gur tharla sé mar gheall ar ghnáthathrú foirne ag GEC. Ar an gcaoi chéanna, bhí oifigeach tionscadail tiomnaithe – le taithí fhairsing i mbainistiú thionscadail Eorpacha – ag gach ceann de na trí thionscadal RBTC atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Thairbhigh tionscadail faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach araon de dhaoine eile den fhoireann tacaíochta, amhail oifigigh dlí agus airgeadais agus cúntóirí.

## Bhí ceanglais slándála ina gcúis le cur chun feidhme na dtionscadal a bheith casta

53 Fuaireamar tráchtanna sa suirbhé ó 11 chomhordaitheoir agus rannpháirtí tionscadail, chomh maith le haireachtaí cosanta a cuireadh faoi agallamh, faoi na riachtanais slándála dhochta, a measadh a bheith iomarcach uaireanta, atá bunaithe ar nós imeachta dhá chéim. Baineann na tráchtanna sin le hÚdarás Slándála an

Choimisiúin[28] agus freisin leis an Údarás Slándála Náisiúnta tairbhíoch sa chomhaontú deontais, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an conraitheoir atá faoina ndlínse na forálacha slándála is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint. Gach eintiteas atá rannpháirteach i dtionscadail RBTC a bhfuil faisnéis rúnaicmithe a chruthú nó a rochtain ar a n-áitreabh i gceist leo, cinnteoidh siad go mbeidh 'imréiteach slándála saoráide' bailí ar an leibhéal iomchuí ar fáil, i gcás ina n-éilíonn rialacha náisiúnta é sin. Ní mór don Údarás Slándála Náisiúnta inniúil an 't-imréiteach slándála saoráide' sin a dheonú. Ós rud é go bhfuil feidhm freisin ag ceanglais i ndáil le 'himréiteach slándála pearsanra' maidir le gach duine den fhoireann atá rannpháirteach sa tionscadal[29], bhí na réamhriachtanais sin ina gcúis le moilleanna i bpróiseas an chomhaontaithe deontais (ar ghá leasuithe a dhéanamh orthu uaireanta, rud a chuir moill ar an tionscadal) agus bhí siad ina gcúis le deacrachtaí i gcur chun feidhme an tionscadail, lena n-áirítear ó thaobh na cumarsáide idir comhaltaí an chuibhreannais (féach freisin mír ***67***).

**54** I gcás trí thionscadal RBTC, rinneadh inseachadáin a athaicmiú (íosghrádaithe, uasghrádaithe nó roinnte i gcodanna le leibhéil éagsúla aicmiúcháin). Bhí na hathaicmiúcháin sin bunaithe ar iarrataí a raibh bunús maith leo a chuir comhordaitheoirí tionscadail isteach (trí GEC) agus rinneadh iad i ndiaidh measúnú críochnúil ón gCoimisiún, i gcomhréir leis na rialacha slándála[30]. I gcás ina ndearnadh aicmiú inseachadáin a íosghrádú, simplíodh cur chun feidhme an tionscadail.

[28] Daoine a bhfuil freagracht orthu as a áirithiú go gcomhlíontar Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint.

[29] Maidir le tionscadail RBTC, bhí 29 nÚdarás Slándála Náisiúnta éagsúla ann agus bhí ar Údarás Slándála an Choimisiúin idirchaidreamh a dhéanamh leo.

[30] Ardrúnaíocht na Comhairle, Faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) a chosaint, 6.4.2022

## Bhí na freagairtí ar chuid de ghlaonna iomaíocha RBTC teoranta agus bhí siad comhchruinnithe i líon beag Ballstát

**55** Sna cinntí ón gCoimisiún maidir le maoiniú RBTC,[31] leagtar béim ar fhócas an chláir ar chomhar a spreagadh i measc gach cineáil taighde agus gníomhaithe teicneolaíochta i ngach Ballstát. Ba cheart glaonna RBTC a dhearadh ar shlí a mheallann tograí iomaíocha éagsúla ó chuibhreannais ina n-áirítear rannpháirtithe ó gach Ballstát agus ó gach cineál eagraíochta, lena n-áirítear FBManna.

**56** Sa roinn seo, dá bhrí sin, déanaimid anailís ar na cineálacha eintiteas a ghlac páirt in RBTC. Rinneamar scrúdú féachaint an raibh an méid seo a leanas ann:

- iomaíocht leathan do ghlaonna RBTC,
- líon leormhaith eintiteas i gcuibhreannais RBTC,
- bunadh geografach leathan i measc chomhordaitheoirí agus rannpháirtithe tionscadail RBTC, chomh maith le saineolaithe neamhspleácha.

### Bhí na hiarratais teoranta i gcás cuid de ghlaonna iomaíocha RBTC


**57** I gcás cuid de na naoi nglao RBTC, bhí iomaíocht theoranta ann, uaireanta mar gheall ar an líon beag cuideachtaí san Aontas a bhí in ann freagairt do ghlao ar thograí le haghaidh na teicneolaíochta a bhí ag teastáil. Mar shampla, i gcás dhá ghlao, ní dhearna ach cuibhreannas amháin iarratas agus i gcás trí ghlao eile is trí eintiteas a rinne iarratas. De réir an Choimisiúin, is rud nádúrtha sa taighde cosanta é go mbeadh ‘teannas’ idir prionsabal na hiomaíochta le haghaidh tionscadal (amhail Fís 2020) agus na topaicí tosaíochta a roghnaíonn aireachtaí cosanta náisiúnta, rud a d’fhéadfadh teorainn a chur leis an iomaíocht. Tá an leibhéal iomaíochta le haghaidh aon ghlao ar leith ag brath cé chomh cruinn atá foclaíocht an téacs sa ghlao féin agus ar a mhéid a thagraíonn sé do theicneolaíocht shonrach.

[31] Féach an cinneadh airgeadais ón gCoimisiún maidir le RBTC 2017, C(2017) 2262; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2018 agus an clár oibre le haghaidh 2018, C(2018) 1383; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2019 agus an clár oibre le haghaidh 2019, C(2019) 1873.

## Bhí líon na n-eintiteas i gcuid de na cuibhreannais tionscadail ard

**58** D'fhág líon mór comhaltaí cuibhreannais go raibh gá níos mó le hacmhainní chun comhordú a dhéanamh. Dá bhrí sin, is eagraíochtaí móra amháin a raibh sé d'acmhainn acu a bheith ina gcomhordaitheoirí ar chuibhreannais a raibh líon ard eintiteas rannpháirteach iontu. Thugamar faoi deara, i gcuibhreannais áirithe, gur chuideachta chomhairliúcháin a bhí i gcomhalta amháin a chabhraigh leis an gcomhordaitheoir tionscadail le bainistíocht, riarachán agus cumarsáid an tionscadail. Chuir aireachtaí cosanta agus comhordaitheoirí tionscadail araon in iúl dúinn, i gcás roinnt tionscadal, go raibh líon na gcomhaltaí cuibhreannais ard toisc go raibh na comhaltaí sin ag súil go méadódh sé sin an seans go roghnófaí a dtograí tionscadail. I ***bhFíor 5***, déantar comparáid idir líon na n-eintiteas i ngach cuibhreannas tionscadail (a bhfuil thart ar 200 eintiteas ar an iomlán ann) le buiséad an tionscadail. Cé go bhfuil níos mó comhaltaí cuibhreannais ag tionscadail ardbhuiséid, tá go leor comhaltaí cuibhreannais i roinnt tionscadal ar luach níos ísle freisin.

**Fíor 5 – Tá níos mó comhaltaí cuibhreannais ag tionscadail ardbhuiséid ná mar atá ag formhór na dtionscadal ar luach níos ísle**





*Foinse:* CIE.

## Bhí comhordaitheoirí, rannpháirtithe agus saineolaithe neamhspleácha RBTC comhchruinnithe sna Ballstáit a bhfuil tionscail mhóra chosanta acu

**59** Léiríonn staitisticí maidir le comhordaitheoirí tionscadail agus rannpháirtithe tionscadail RBTC go bhfuil siad comhchruinnithe sna Ballstáit ina bhfuil tionscail mhóra chosanta iontu cheana féin, amhail an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn agus an tSualainn[32] (féach ***Fíor 6*** agus ***Fíor 7***).


### Fíor 6 – Na tíortha as a dtagann comhordaitheoirí tionscadail uile RBTC




*Foinse:* CIE.

[32] Chun faisnéis a fháil faoi Bhallstáit an Aontais a bhfuil na tionscail chosanta is mó acu, féach Roth, A., Méid agus suíomh thionscal cosanta na hEorpa, Blag 'Breugel', 22.6.2017.

## Fíor 7 – Na tíortha as a dtagann rannpháirtithe tionscadail RBTC




*Foinse:* CIE.


**60** Ar an gcaoi chéanna, tá na saineolaithe neamhspleácha a úsáideadh don phróiseas meastóireachta agus dámhachtana comhchruinnithe sna tíortha sin. Tagann níos mó ná 50 % de na saineolaithe ó cheithre Bhallstát. Tháinig níos mó ná 85 % de na saineolaithe ó naoi mBallstát.

**61** Thugamar faoi deara go raibh roinnt cuideachtaí páirteach i roinnt tionscadal RBTC agus go raibh na teaglamaí céanna de chuideachtaí i gceist le roinnt tionscadal freisin. Léiríonn staitisticí go raibh 31 eagraíocht ag seasamh do bheagnach leath na rannpháirtithe tionscadail (49.3 %) agus go raibh ocht n-eagraíocht ag seasamh don cheathrú cuid de na rannpháirtithe tionscadail. Is féidir a mheas gur 'saineolaithe' ar mhaoiniú ón Aontas iad cuid de na tairbhithe ós rud é gur ghlac siad páirt i líon mór tionscadal de chuid an Aontais[33] (féach freisin mír *39*). Thairis sin, tá fiontair bheaga agus mheánmhéide neamhspleácha ag seasamh do 20 % de na rannpháirtithe ar fad

[33] Is féidir cuardach ar eagraíochtaí cláraithe a dhéanamh sa bhunachar sonraí le haghaidh Deiseanna maoinithe agus tairisceana an Aontais Eorpaigh.


(féach *Fíor 8* agus *Fíor 9*, a léiríonn líon na gcomhordaitheoirí agus rannpháirtithe RBTC de réir an chineáil eintitis). Léiríonn na freagraí ar ár suirbhé go raibh formhór mór na gcuibhreannas RBTC ag leanúint de chomhar idir eintitis a d'oibrigh le chéile cheana féin roimh chlár RBTC. Bhí níos mó ná 82 % de na comhordaitheoirí tionscadail ar fad, agus beagnach 86 % (18) de na rannpháirtithe tionscadail a d'fhreagair an suirbhé, ag obair roimhe sin le comhaltaí dá gcuibhreannas tionscadail RBTC. De réir na n-eintiteas a chuireamar faoi agallamh, ba é an tairbhe a bhain le bheith ag obair le comhpháirtithe aitheanta ná go raibh cur amach acu cheana féin ar a modh oibre agus ar na difríochtaí sna creataí dlíthiúla agus airgeadais idir na Ballstáit i dtrácht. Is ualach breise ar thionscadal é caidreamh úrnua a chothú le comhpháirtí nua.

## Fíor 8 – Comhordaitheoirí tionscadail RBTC de réir an chineáil eintitis




*Foinse:* CIE.

### Fíor 9 – Rannpháirtithe RBTC de réir an chineáil eintitis




*Foinse:* CIE.

**62** Chuir dhá Bhallstát nach bhfuil tionscail mhóra chosanta acu in iúl dúinn gur cheart níos mó a dhéanamh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, chun rannpháirtíocht na mBallstát go léir a mhéadú agus chun a chinntiú nach mbeadh an cás ann ina dtabharfaí an tacaíocht is mó do líon teoranta de chuideachtaí móra cosanta. Fuaireamar aiseolas den chineál céanna ó chuideachtaí beaga.

**63** Cé go raibh sé deacair i gcásanna áirithe comhar trasteorann idir gníomhaithe seanbhunaithe agus iontrálaithe nua sa mhargadh, fiontair bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó, a chothú, fuaireamar a lán aiseolas dearfach ó chomhordaitheoirí agus rannpháirtithe tionscadail, chomh maith le haireachtaí cosanta, maidir leis an leibhéal ginearálta spéise sa chomhar taighde cosanta idirnáisiúnta. Dúirt 94 % de na comhordaitheoirí tionscadail go léir agus 95 % (20) de na rannpháirtithe tionscadail a thug freagra ar an suirbhé gur mhaith leo páirt a ghlacadh i nglaonna agus tionscadail CEC amach anseo.

## Bhí torthaí teoranta ar thionscadail RBTC go dtí seo

**64** In 'Páipéar Scóipe le haghaidh Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta' i mí na Samhna 2016, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gur gá do RBTC torthaí infheicthe agus tráthúla a sholáthar don chinnteoireacht i bhfianaise go mbeidh caiteachas níos substaintiúla á dhéanamh ar thaighde cosanta sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (2021-2027). Ba cheart go mbeadh torthaí tráthúla, fiúntacha agus úsáideacha tagtha as tionscadail RBTC, chomh maith le gnóthachain nithiúla, agus ba cheart go réiteodh sé sin an bealach do sheoladh CEC. Ba cheart go mbeadh cumarsáid agus craobhscaoileadh leormhaith déanta ar thorthaí tionscadail.

**65** Sa roinn seo, dá bhrí sin, scrúdaímid:

- an ndearna na tionscadail chríochnaithe na torthaí a bhí beartaithe leo a bhaint amach in am;
- an ndearna an Coimisiún agus GEC uirlisí ábhartha a chur ar bun chun torthaí tionscadail a chraobhscaoileadh agus chun saothrú na dtorthaí sin a spreagadh.


### Dul chun cinn teoranta i dtionscadail RBTC

**66** Nuair a foilsíodh Rialachán CEC i mí na Bealtaine 2021, agus nuair a seoladh na chéad ghlaonna CEC le haghaidh 2021[34] agus 2022[35], bhí formhór na dtionscadal RBTC fós ar siúl (féach ***Fíor 10***). I mí an Mheithimh 2021, bhí níos mó ná leath na dtionscadal RBTC díreach tosaithe nó ní raibh tús curtha go fóill leo, go sonrach mar gheall ar an tréimhse ama a thóg sé sular síníodh an comhaontú deontais (féach ***Fíor 4***). Amhail ag deireadh 2022, bhí ceithre thionscadal as an 12 a ndearnamar anailís orthu dúnta (féach ***Iarscríbhinn V***). Leis an 'bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint' a eisíodh i mí na Samhna 2016 (féach ***Iarscríbhinn I***), ina raibh tagairt do Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta a sheoladh in 2017 agus an cinneadh polaitiúil CEC a sheoladh in 2021, ní raibh mórán solúbthachta ag an gCoimisiún ach RBTC a sheoladh a luaithe is ab fhéidir in 2017.

[34] Arna fhoilsiú an 30 Meitheamh 2021.

[35] Arna fhoilsiú an 10 Meitheamh 2022 le dáta tosaigh an 21 Meitheamh 2022.

## Fíor 10 – Nuair a foilsíodh na chéad ghlaonna CEC i mí an Mheithimh 2021, bhí formhór na dtionscadal RBTC fós ar siúl




*Foinse:* CIE.

**67** Bhí moilleanna ar sheachadadh na dtionscadal RBTC. Amhail ag deireadh 2022, bhí fad curtha leis an amlíne do shé cinn as an 12 thionscadal a ndearnamar anailís mhionsonraithe orthu. Cuireadh fad le críochdháta tionscadail amháin ó mhí Eanáir 2022 (de réir an chéad leagain den chomhaontú deontais) go dtí Aibreán 2025. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis na moilleanna:

- An t-am a thóg sé an próiseas don 'imréiteach slándála saoráide'[36] a chur i gcrích, rud a bhí nua agus casta ó thaobh riaracháin de, go háirithe do chuideachtaí a bhí ag dul isteach in earnáil na cosanta, go sonrach fiontair bheaga agus mheánmhéide (féach mír ***53***). Is le haghaidh leibhéil áirithe aicmiúcháin amháin atá imréiteach den sórt sin riachtanach.

---

[36] Le haghaidh tuilleadh eolais: Cinneadh (AE, Euratom 2019/1963) ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil thionsclaíoch i ndáil le conarthaí soláthair rúnaicmithe.

- I gcás roinnt comhaontuithe deontais, bhí go leor leaganacha éagsúla den doiciméad ann freisin, go minic mar gheall ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise.
- D'fhág COVID-19 gur cuireadh fad le tionscadail chun go bhféadfaí déileáil le castachtaí i mbainistiú cruinnithe nó le deacrachtaí ó thaobh faisnéis Rúnaicmithe AE a mhalartú. Bhí roinnt eintiteas rannpháirteach ann a d'aistrigh go dtí monaraíocht trealaimh cosanta phearsanta.

**68** Tá an dul chun cinn teoranta a rinneadh i dtionscadail RBTC le feiceáil freisin sna méideanna a bhí caite faoi dheireadh 2021: cé go raibh 71 % den bhuiséad do gach ceann de na tionscadail in éindí caite faoin am sin, bhí an réamh-mhaoiniú (íocaíochtaí roimh ré nach bhfuil ag brath ar dhul chun cinn) ag seasamh do 45 % den chaiteachas sin (féach ***Iarscríbhinn VI***)

**69** I bpáipéar scóipe mhí na Samhna 2016, leagadh béim ar an ngá atá le torthaí infheicthe agus tráthúla RBTC. Mar sin féin, cé gur foghlaimíodh go leor ceachtanna ó RBTC le haghaidh CEC ó thaobh cláir oibre bhliantúla agus glaonna RBTC a fhorbairt, ó thaobh mheastóireacht an togra agus dámhachtain deontas agus (go pointe áirithe) ó thaobh chur chun feidhme na dtionscadal, tá gné na dtorthaí easnamhach go dtí seo.

**70** I bhfianaise nádúr an taighde cosanta, ní féidir a rá ag an tráth seo conas a fhéadfar torthaí fhormhór na dtionscadal RBTC a úsáid amach anseo. Ní raibh an creat ama a socraíodh le haghaidh RBTC cuiditheach ó thaobh faisnéis leordhóthanach maidir le forthorthaí na dtionscadal a cistíodh a bheith faighte in am chun bonn eolais a chur faoi sheoladh CEC. Amhail ag deireadh 2022, áfach, tá sé beartaithe go leanfar de cheithre thionscadal RBTC trí ghlaonna CEC 2021[37] agus 2022[38].

**71** Faoin tráth a glacadh Rialachán CEC agus a seoladh an chéad ghlao CEC i mí an Mheithimh 2021, ní raibh ach dhá thionscadal RBTC dúnta. Mar sin féin, dúnadh ceann den dá thionscadal sin (gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta chun

---

[37] 2021: tionscadail ACHILE ('Cumais mhéadaithe do shaighdiúirí ardleibhéil') chomh maith le LODESTAR ('Feabhas a chur ar shonraí oibríochtúla beo le haghaidh feasacht staide trí réaltacht mhéadaithe') agus ECOBALLIFE ('Córais bhalaisticiúla éiceadheartha le haghaidh cosaintí éadroma marthanacha i gcoinne bagairtí atá ann faoi láthair agus bagairtí nua') atá ag leanúint go díreach ó thionscadail GOSSRA agus VESTLIFE, faoi seach, faoi RBTC.

[38] 2022: glaonna UWW-UTS ('Árthaí faoi thoinn le foireann/gan fhoireann a chur le chéile agus saithí sa réimse sin') agus DIS-AC ('Teicneolaíochtaí nuálacha le haghaidh duaithníocht oiriúnaitheach') atá ag leanúint go díreach ó thionscadail OCEAN 2020 agus ACAMS II faoi RBTC.

modheolaíocht a cheapadh le haghaidh fhadbhreathnaitheacht na teicneolaíochta straitéisí) gan a chuspóirí go léir a bheith bainte amach (PYTHIA). Rinneadh cuid de na cistí a shaoradh ó ghealltanas don tionscadal sin. Bhí saineolaithe seachtracha páirteach i measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhain an tionscadal sin amach a chuid inseachadán, a gharspriocanna agus a thionchar, rud a chuir aiseolas ar fáil maidir le gnéithe dearfacha agus diúltacha an tionscadail.

**72** Bhí torthaí dearfacha agus féidearthachtaí don todhchaí ag cuid de na tionscadail atá dúnta, mar shampla:

- Rannchuidigh GOSSRA le caighdeán ECAT a fhorbairt[39]. Bhí teagmháil rialta ag an gcuibhreannas le Grúpa Cumais Talún ECAT[40]. Is é an toradh a bhí ar an tionscadal ná moladh caighdeánach ECAT (STANREC 4845[41] a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022), a ndearna ECAT é a dháileadh ar na Balltíortha go léir, agus ar an gcaoi sin ag cur tús le próiseas caighdeánaithe ECAT. Maidir le topaic struchtúr oscailte na saighdiúirí ar thug GOSSRA aghaidh uirthi, leanfar de sin faoi CEC (féach mír ***70***).
- Thug OCEAN 2020, trí thrialacha allamuigh sa Mheánmhuir agus i bhfarraigí Mhuir Bhailt, cruthúnas coincheapa don Lárionad Oibríochtaí Muirí (LOM).
- Réitigh an trádmharc VESTLIFE an bealach do phaitinní sa teicneolaíocht chosanta a forbraíodh san Iodáil agus san Ísiltír.

**73** Dea-chleachtas amháin, a tugadh faoi deara i dtrí cinn de na tionscadail a dúnadh[42] agus a rannchuidigh le torthaí dearfacha a bhaint amach, ná páirt a bheith ag ‘boird chomhairleacha don úsáideoir deiridh’ chun a chinntiú go gcomhlíonfadh tionscadail riachtanais custaiméirí féideartha i.e. aireachtaí cosanta. Ar na boird sin, bhí painéil de lucht seirbhíse agus ionadaithe ó thionscail na n-úsáideoirí deiridh.

---

[39] Tagairt: Tuarascáil Speisialta 2 (Tuarascáil Speisialta Deiridh), Iúil 2020 – ‘4.1 Caighdeánú ar Struchtúr GOSSRA ag ECAT’.

[40] Córas na Saighdiúirí ar Chois, An Foghrúpa um Cheannasaíocht, Rialú, Cumarsáid, Ríomhaireacht agus Faisnéisíocht.

[41] I measc Dhoiciméid um Chaighdeánú ECAT, is doiciméad neamhcheangailteach de chuid ECAT é STANREC a bhfuil sé mar aidhm aige cleachtais úsáideacha a mholadh. Úsáidtear ar bhonn deonach é agus ní éilíonn sé tiomantas na náisiún chun na caighdeáin atá liostaithe ann a chur chun feidhme.

[42] GOSSRA, OCEAN 2020 agus VESTLIFE.

**74** I gcuid de na tionscadail rathúla, bhí úsáideoirí deiridh páirteach i gcaitheamh na dtrialacha allamuigh. Mar shampla, rinneadh struchtúir thagartha agus sprice OCEAN 2020 a bhailíochtú in dhá oibríocht chabhlaigh bheo. Chuir na trialacha sin ar muir ar chumas an chomhordaitheora tionscadail a fhíorú gur thug OCEAN 2020 aghaidh ar raon leathan cumas idir-inoibritheachta. Bhí 10 n-úsáideoir mhíleata páirteach freisin i dtionscadal VESTLIFE.

**75** Ós rud é beag tionscadal RBTC a dúnadh, níor tugadh aon fhadhbanna nithiúla faoi deara go fóill a bhaineann leis na rioscaí a ghabhann le cearta maoine intleachtúla. I Rialachán CEC, sainítear rialacha maidir le húinéireacht torthaí taighde (Airteagal 20(1)) agus gníomhaíochtaí forbraíochta (Airteagal 23(1)). Mar sin féin, i bhfianaise na léirmhínithe éagsúla atá ag geallsealbhóirí éagsúla ar Rialachán CEC, tá scóip ann saincheist na gceart maoine intleachtúla a shoiléiriú tuilleadh le gach ceann de gheallsealbhóirí CEC. D’ardaigh comhordaitheoirí tionscadail, rannpháirtithe agus aireachtaí cosanta an riosca a bhaineann leis an tsaincheist sin.

**76** In ***Iarscríbhinn V***, déantar achoimre mhionsonraithe ar thorthaí an 12 thionscadal RBTC a ndearnamar anailís mhionsonraithe orthu.

## Rinneadh pleananna cumarsáide do na tionscadail a tharraingt suas, ach ní raibh craobhscaoileadh thorthaí an tionscadail leormhaith do na geallsealbhóirí go léir

**77** Bhí pleananna cumarsáide ag formhór na dtionscadal. Mar shampla, sna 16 mhí deiridh den tionscadal, rinneadh faisnéis faoin tionscadal is mó faoi RBTC i.e. OCEAN 2020 (i dtéarmaí buiséid agus líon comhaltaí cuibhreannais) a chraobhscaoileadh trí cheithre sheimineár gréasáin, 25 chur i láthair tionscadail agus níos mó ná 14 000 cuairt ar shuíomh gréasáin an tionscadail (800 cuairt in aghaidh na míosa ar an meán), chomh maith le 193 phostáil Twitter (559 leantóir) agus 57 bpostáil LinkedIn (585 leantóir).

**78** Ós rud é go bhfuil na trí thionscadal RBTC atá faoi bhainistíocht dhíreach rúnaicmithe mar gheall ar an nádúr rúnda atá ag gabháil leo, bhí craobhscaoileadh a dtorthaí i measc an phobail i gcoitinne nó i measc an phobail eolaíochta teoranta dá bhrí sin.

**79** Rinneadh roinnt torthaí tionscadail a chraobhscaoileadh trí ‘thuarascálacha speisialta’. Is ann do thuarascálacha speisialta chun go bhféadfaidh tairbhithe faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta maidir leis an taighde atá déanta. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais é sin a úsáid ansin le haghaidh na gcuspóirí seo a leanas:

- tuiscint a thabhairt ar chuspóir, forthoradh agus infheidhmeacht fhéideartha an taighde;
- measúnú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na tairbhithe;
- sonraíochtaí a tharraingt suas le haghaidh cláir thaighde nó sholáthair leantacha, agus ar an gcaoi sin daoine a spreagadh le taighde atá urraithe ag an Aontas a ghabháil chucu féin.

**80** I nglaonna RBTC 2017, 2018 agus 2019, bhí iarscríbhinn ina raibh teimpléad le haghaidh tuarascálacha speisialta[43]. Luadh san iarscríbhinn gur cheart inneachar ginearálta na dtuarascálacha speisialta a shonrú sna glaonna ar thograí. Thug sé le fios freisin, mar gheall ar íogaireacht na dtionscadal cosanta, ‘gur cheart do na Ballstáit, mar phrionsabal ginearálta, a áirithiú nach nochtfar faisnéis laistigh de na riaracháin náisiúnta ach amháin ar bhonn riachtanais eolais’.

**81** Is féidir le húdaráis na mBallstát leasmhar rochtain ar thuarascálacha speisialta a iarraidh ar choinníoll go n-áiritheoidh siad nach nochtfar faisnéis laistigh de na riaracháin náisiúnta ach amháin ar bhonn ‘riachtanais eolais’. Mar sin féin, chuir trí cinn de na cúig aireacht chosanta a cuireadh faoi agallamh in iúl dúinn go raibh sé casta rochtain a fháil ar thuarascálacha speisialta agus gurbh éigean údar maith a thabhairt don iarraidh ar rochtain, rud a d’fhág nach raibh aon ugach ann na torthaí a chraobhscaoileadh níos forleithne. Chuir siad in iúl freisin go raibh imní áirithe orthu faoin bhféidearthacht go mbainfí úsáid, i gcleachtas, as an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha sin chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh i dtaobh infheistíocht i bhforbairtí breise. Amhail ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2022, bhí iarrataí faighte ag an gCoimisiún ó chúig Bhallstát maidir le hocht dtionscadal RBTC.

**82** Ní hé amháin go bhfuil airteagail a dhéileálann le cumarsáid agus craobhscaoileadh na dtionscadal sna comhaontuithe deontais do thionscadail RBTC, ach tá airteagail iontu freisin a dhéileálann le saothrú thorthaí na dtionscadal. Le foclaíocht an-ghinearálta na n-airteagal ábhartha sna comhaontuithe deontais, níl

---

[43] Féach mar shampla: An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, RBTC 2019 – Glaonna ar thograí agus Iarscríbhinní Ginearálta, lch. 48.

plean i dtionscadail taighde cosanta RBTC ina sonraítear ón tús conas a dhéileálfar le torthaí taighde ag céimeanna níos déanaí. D'fhéadfadh taighde agus teicneolaíocht bhreise, taighde agus forbairt, monaraíocht, soláthar, etc. a bheith san áireamh leis sin. Thugamar faoi deara, áfach, go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh le ceithre thionscadal RBTC trí thionscadail a roghnaíodh i nglaonna CEC 2021 agus 2022 (féach mír ***70***). Fágann nádúr na dtionscadal taighde nach mbeidh torthaí nithiúla ag éirí astu go léir agus meastar go mbeidh líon áirithe tionscadal ann nach mbeidh rath orthu.

## Níor cuireadh gach ceacht RBTC a foghlaimíodh san áireamh agus tá easpa straitéise níos fadtéarmaí ann go fóill i gcás CEC

**83** De réir na gcinntí ón gCoimisiún maidir le maoiniú RBTC[44], ba cheart don chlár feabhas a chur ar an iomaíochas agus ar an nuálaíocht i dTionscal Cosanta na hEorpa. Dá réir sin, ba cheart ceachtanna RBTC a foghlaimíodh a chur san áireamh le haghaidh Rialachán CEC agus le haghaidh seoladh an chiste chun na críche sin. Ba cheart go mbeadh acmhainní daonna tiomnaithe an Choimisiúin leordhóthanach lena chur ar chumas CEC na tionchair agus na spriocanna atá beartaithe aige a bhaint amach. Ba cheart, freisin, CEC a bheith mar chuid de pheirspictíocht fhadtéarmach níos leithne do chaiteachas cosanta an Aontais.

**84** Ina leith sin, rinneamar scrúdú féachaint:

- an raibh cláir oibre bhliantúla ábhartha do gheallsealbhóirí cosanta an Aontais;
- an ndearna an Coimisiún agus GEC doiciméid i dtaobh na gceachtanna a foghlaimíodh a tháirgeadh go cuí agus an ndearna siad anailísiú tráthúil orthu;
- ar chuir Rialachán CEC san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh ón tástáil faoi RBTC;
- an raibh na próisis a ndearnadh tástáil orthu le RBTC úsáideach do na chéad ghlaonna faoi CEC;

[44] Féach an cinneadh airgeadais ón gCoimisiún maidir le RBTC 2017, C(2017) 2262; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2018 agus an clár oibre le haghaidh 2018, C(2018) 1383; an cinneadh airgeadais maidir le RBTC 2019 agus an clár oibre le haghaidh 2019, C(2019) 1873.

- an raibh acmhainní leordhóthanacha leithdháilte ag an gCoimisiún ó thaobh líon na foirne de agus ó thaobh scileanna agus taithí iomchuí de chun CEC a chur chun feidhme;
- ar áiríodh peirspictíocht maidir leis an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach sa todhchaí i dtéarmaí forbartha cumais de i nósanna imeachta CEC.

## Tugann peirspictíocht ilbhliantúil buntáistí do chláir chosanta an Aontais

**85** Cé gur ar bhonn bliantúil a bhí cláir oibre RBTC, is ar bhonn débhliantúil a bhí na cláir oibre do Fís 2020 agus don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta. Tá Parlaimint na hEorpa i bhfabhar na bliantúlachta i réimse na cosanta mar gheall ar an ngrinnscrúdú buiséadach[45]. Mar sin féin, chuir na foinsí éagsúla a ndeachaigh muid i dteagmháil leo le linn ár gcuid oibre iniúchóireachta (aireachtaí cosanta, comhordaitheoirí tionscadail agus rannpháirtithe) béim ar an ngá atá le tréimhse ilbhliantúil.

**86** Is léargas gearrthéarmach amháin ar thopaicí taighde agus teicneolaíochta atá maoinithe ag an Aontas Eorpach a thugann tréimhse bliana d'iarratasóirí féideartha ar ghlaonna agus d'aireachtaí cosanta. Ní chuireann sé ar a gcumas a dtosaíochtaí a leagan síos thar thréimhse níos faide chun iad féin a ullmhú ar bhealach níos fearr, mar shampla chun dúbláil i gcás gníomhaíochtaí taighde náisiúnta a sheachaint. Ciallaíonn tréimhse ilbhliantúil gur dóchúil gur féidir le cuideachtaí ar dócha go mbeidh siad páirteach i dtionscadail taighde a ngníomhaíochtaí a phleanáil san fhadtéarma, rud a fheabhsaíonn a bpróiseas chun cuspóirí a shocrú agus an bainistiú a dhéanann siad ar acmhainní daonna agus fisiciúla. Méadaíonn sé an seans atá acu comhpháirtithe tionscadail nua a aimsiú agus cuidíonn sé le héagsúlú na rannpháirtithe i gcláir de chuid an Aontais (féach mír ***61***).

[45] Fiott, D., Grinnscrúdú ar an gCiste Eorpach Cosanta ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta, Parlaimint na hEorpa, 2019.

### Rinneadh doiciméid faoi cheachtanna a foghlaimíodh i bpróisis RBTC a chur i dtoll a chéile agus a athbhreithniú

**87** D'ullmhaigh GEC doiciméid faoi cheachtanna a foghlaimíodh i ndáil le RBTC, ghlac an Bord Stiúrtha iad agus cuireadh ar fáil don Choimisiún iad. Rinne an Coimisiún anailís freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus thionóil sé cruinniú chun iad sin a phlé leis na Ballstáit, le GEC agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí an 26 Samhain 2020 (féach ***Bosca 4***).

**Bosca 4**

**Doiciméid a d'ullmhaigh GEC agus an Coimisiún maidir le ceachtanna a foghlaimíodh i ndáil le RBTC**

Dhírigh na ceachtanna a foghlaimíodh isteach ar phróisis agus bhain siad, mar shampla, leis na nithe seo a leanas:

- cineálacha glaonna agus modhanna meastóireachta ar thograí;
- sásraí tosaíochta a úsáid nuair a bhí cláir á n-ullmhú;
- dúbláil struchtúr a sheachaint;
- ceanglais agus tuairiscí ar thopaicí a chomhchuibhiú;
- an tsraith chéanna uirlisí a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dheontais do na tionscadail go léir;
- tairbhithe agus cearta maoine intleachtúla a shainiú;
- leibhéil aicmiúcháin slándála le haghaidh inseachadáin na dtionscadal nó leibhéil imréitigh slándála pearsanra do shaineolaithe atá páirteach i meastóireacht a dhéanamh ar thograí;
- saothrú éifeachtúil na dtorthaí a ghintear mar thoradh ar thionscadail RBTC.

**88** Chuir coiste chlár 'Mar a bheadh' RBTC ar chumas an Choimisiúin foghlaim faoina bheith ag obair le coistí cláir in earnáil na cosanta. Sa bhreis air sin, leag RBTC béim ar an ngá atá le huirlisí sonracha chun léargas comhchuibhithe a thabhairt ar thosaíochtaí taighde cosanta an Aontais chun na riachtanais chumais fhadtéarmacha atá comhaontaithe ag na Ballstáit a chomhlíonadh. Sa Chlár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde (féach mír ***34***) agus ina Bhloic Thógála Theicneolaíochta, sainaithnítear cuspóirí coiteanna maidir le taighde cosanta.

**89** De réir an Choimisiúin, baineadh úsáid as na huirlisí a forbraíodh chun tosaíochtaí cumais a leagan síos nuair a bhí RBTC á chur chun feidhme (Plean Forbraíochta um Chumas chun tosaíochtaí forbartha cumais a shainaithint, an tAthbhreithniú Bliantúil ar Chosaint i ndáil le Cumas chun deiseanna don chomhar a shainaithint, PESCO don chomhar idir-rialtasach, féach mír ***34*** agus ***Bosca 3***) mar bhonn eolais do chlár oibre bliantúil CEC[46] agus chun sineirgí agus comhlántachtaí le cláir eile de chuid an Aontais a shainaithint. Go deimhin, tá iliomad uirlisí le haghaidh chosaint an Aontais ar fáil anois, ach níl siad comhordaithe go fóill[47].

**90** Dúirt na cúig aireacht chosanta a chuireamar faoi agallamh linn nár úsáideadh na huirlisí sin ach go pointe teoranta do na chéad chláir oibre CEC. Tugann aireachtaí cosanta aitheantas do shaineolas GEC maidir le riachtanais chumais sa taighde agus sa teicneolaíocht, agus bhí suim acu CapTech (féach mír ***26***) agus an Clár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde (OSRA)[48] a chur san áireamh do chláir oibre CEC amach anseo. Mar chuid den ról atá ag GEC sa choiste cláir, tá an coiste cláir a chur ar an eolas trí ghrinnanailís a dhéanamh ar a mhéid atáthar ag comhlíonadh na n-uirlisí don chomhbheartas slándála agus cosanta atá luaite.

## Cuireadh ceachtanna áirithe a foghlaimíodh san áireamh i Rialachán CEC, ach ní cuireadh gach ceann díobh san áireamh

**91** Tá difríochtaí idir na socruithe dá bhforáiltear i Rialachán CEC agus na socruithe sin ar baineadh triail astu le haghaidh RBTC. Is ann do chuid de na difríochtaí sin mar gheall ar na ceachtanna a foghlaimíodh faoi RBTC, ach ní hamhlaidh an scéal le cinn eile (féach ***Iarscríbhinn VII***).

**92** Gné thábhachtach amháin nár athraíodh i gcomparáid le RBTC is ea go ndéanfar CEC a chur chun feidhme fós trí chláir oibre bhliantúla[49] (féach míreanna ***30***-***31*** agus ***85***-***86***). Mar sin féin, d’fhoilsigh an Coimisiún ‘peirspictíocht ilbhliantúil tháscach’

---

[46] An Coimisiún Eorpach, CEC – Lá Eolais 2021 – Cur i láthair, 20.9.2021.

[47] An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Comhleanúnachas a áirithiú i measc uirlisí cosanta AE, 25.10.2019.

[48] An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, OSRA – An Clár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde agus Comhchuibhiú SRAnna CapTech, 16.1.2018

[49] Féach Airteagal 24(1) de Rialachán CEC.

le haghaidh CEC an 25 Bealtaine 2022, ina bhfuil pleanáil tháscach do gach catagóir ghníomhaíochta le haghaidh thréimhse 2021-2027[50].

## Bhí na próisis a ndearnadh tástáil orthu le RBTC úsáideach do na chéad ghlaonna faoi CEC

**93** Cuireadh san áireamh i nglaonna CEC 2021 agus 2022 an taithí a fuarthas ó na próisis éagsúla a tástáladh le haghaidh RBTC, mar shampla tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- glaonna oscailte, a bhfuaireamar aiseolas dearfach maidir lena bhféidearthacht ó na haireachtaí cosanta go léir a ndeachamar i gcomhairle leo, a chur san áireamh;
- gan glaonna fadbhreathnaitheachta, nár bhain amach a gcuid inseachadán go léir faoi RBTC, a chur san áireamh;
- líonra de phointí fócasacha CEC, a d'fhéadfadh rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide a mhéadú i gcomparáid le RBTC, a thabhairt isteach;
- aisíocaíocht costas agus glaonna cnapshuime araon a chur san áireamh;
- gan meastóireachtaí dhá chéim a chur san áireamh toisc go bhfuil an cur chuige sin dian ar acmhainní, go háirithe i gcás Ard-Stiúrthóireacht nua atá fós ag cur lena cuid acmhainní – faoi mar atá AS DEFIS;
- ualuithe éagsúla a úsáid do na critéir mheastóireachta.

**94** Chuir an Coimisiún san áireamh freisin na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghlaonna faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta don chéad dá ghlao CEC in 2021 agus 2022. Mar shampla, cuireann glaonna CEC cuid de chritéir mheastóireachta agus dhámhachtana thogra an chláir san áireamh, agus áirítear leis sin glaonna sonracha agus bónas le haghaidh rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide.

**95** Ar an lámh eile, in ainneoin aiseolas dearfach ó gach ceann de na cúig aireacht cosanta a chuireamar faoi agallamh agus na comhordaitheoirí tionscadail go léir maidir le bainistíocht indíreach faoi RBTC, is í an bhainistíocht indíreach an eisceacht seachas an riail i gcás ghlaonna CEC in 2021. Tá an méid sin leagtha amach i Rialachán CEC, lena gceadaítear maolú le haghaidh bainistíocht indíreach. Tá sé beartaithe ag AS DEFIS ceithre thionscadal a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach in CEC 2021:

[50] Idem.

bheadh péire á gcur chun feidhme ag OCCAR agus péire ag GEC. Sa bhreis air sin, fiú i gcás ina n-úsáidtear bainistíocht indíreach faoi CEC, níl sé chomh cuimsitheach agus a bhí sé do RBTC, mar a raibh glaonna a fhoilsiú, meastóireacht ar thograí agus cinntí dámhachtana a dhéanamh i measc na gcúraimí a rinneadh a tharmligean chuig GEC. Trí úsáid a bhaint as bainistíocht indíreach, e.g. ag GEC agus OCCAR, ar rud é sin atá tástáilte cheana, d’fhéadfaí na srianta acmhainní atá ar AS DEFIS a mhaolú.

**96** Ní raibh athruithe le haghaidh seoladh CEC ag leanúint as ceachtanna eile a foghlaimíodh ó RBTC. Mar shampla:

- Ní raibh glaonna CEC in 2021 oscailte le haghaidh iarratais ar feadh tréimhse níos faide ná mar a bhí i gcás ghlaonna RBTC, cé go raibh glaonna CEC in 2022 ar oscailt ar feadh tréimhse níos faide, agus tréimhse an tsamhraidh san áireamh ansin. Ciallaíonn sé sin go raibh an bac sin fós i gcéad ghlao CEC i gcás eagraíochtaí níos lú a bhí ag iarraidh teacht isteach sa phróiseas.
- Maidir leis an am réasúnta fada a thógann sé chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí agus chun deontais a dhámhachtain faoi CEC, níl sé sin aon phioc níos giorra ná mar a bhí faoi RBTC.
- Tá an deacracht a bhaineann le saineolaithe neamhspleácha a fháil ar conradh fós chomh géar céanna le haghaidh CEC agus a bhí sé faoina chláir réamhtheachtacha, agus is féidir a mheas go bhfuil sé méadaithe ós rud é go bhfuil CEC á dhéanamh ar scála i bhfad níos mó ná mar a bhí i gceist sna cláir sin (féach mír ***41***).

**97** Ós rud é gur cuireadh tús le cur chun feidhme na gcéad tionscadal CEC i mí Eanáir 2023, is ó líon teoranta tionscadal RBTC a bheidh aon cheacht a foghlaimíodh maidir le torthaí na dtionscadal ar fáil agus inúsáidte. Chomh maith leis sin, bhain an Coimisiún úsáid as próisis éagsúla nár tástáladh roimhe seo faoi RBTC le haghaidh glaonna CEC 2021 agus 2022. Mar shampla, tá sé ag úsáid deontais chnapshuime le haghaidh glaonna éagsúla agus ní amháin le haghaidh glaonna oscailte nó le haghaidh glaonna a cheanglaíonn gur dhá eintiteas ar a laghad as díreach dhá Bhallstát a bheadh ann.

## Tá rioscaí ann do CEC mar gheall ar infhaighteacht theoranta acmhainní daonna sa Choimisiún

**98** Cé nach raibh córas i bhfeidhm ag EDA agus AS DEFIS chun an t-am iarbhír a chaith a fhoireann ar thionscadail RBTC a rianú, chuir RBTC ar chumas an Choimisiúin tuiscint níos fearr a fháil ar na hacmhainní a bhí ag teastáil chun CEC a bhainistiú. Tá sé tugtha dá aire ag AS DEFIS go bhfuil an líon foirne atá ag teastáil chun tionscadail chosanta a bhainistiú níos airde ná mar a bhíonn sé i gcás tionscadail eile, go háirithe i ngeall ar shaincheisteanna slándála. Bunaithe ar an taithí atá ag AS DEFIS ar RBTC agus ar an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, d'ullmhaigh sé anailís ar a riachtanais foirne do 2021-2027 chun an Ciste Eorpach Cosanta a chur chun feidhme. Léiríodh san anailís go mbeadh 55 dhuine den fhoireann ag teastáil chun CEC a chur chun feidhme in 2021, agus é sin ag ardú go dtí 139 in 2027. Ba iad na príomhdhreasadóirí don mheastachán ar riachtanais foirne CEC ná an líon tograí a tuaradh le haghaidh gach bliana, rud a dhéanann difear don líon daoine den fhoireann a bheidh ag teastáil le haghaidh chéim na meastóireachta, agus punann bhliantúil na dtionscadal atá ar siúl, rud a dhéanann difear do líon na ndaoine den fhoireann a bheidh ag teastáil chun tionscadail a bhainistiú.

**99** Amhail ag tús 2022, bhí 18 bpost oscailte ag AS DEFIS ó 2021 sna haonaid atá ag bainistiú CEC. Le linn 2022, tháinig feabhas ar chúrsaí foirne agus tháinig laghdú ar an ráta folúntais. Faoin 1 Deireadh Fómhair 2022, bhí 67 bpost sna haonaid sin líonta, agus bhí líon na bhfolúntas laghdaithe go cúig cinn.

**100** I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh a mheastar a thiocfaidh ar líon na dtograí a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu agus ar líon na dtionscadal a mbeidh bainistiú le déanamh orthu, tá AS DEFIS ar a dhícheall ag iarraidh a nósanna imeachta a shruthlíniú. Mar shampla: ag deireadh 2022, rinne AS DEFIS bainistiú ar thart ar 60 tionscadal. Tá dúbailt ar an líon sin ag tús 2023 nuair atá na tionscadail do ghlao CEC 2021 le bainistiú sa bhreis ar a raibh ann in 2022. Mar sin féin, tá brú agus dúshláin shuntasacha fós amach roimhe ó thaobh acmhainní daonna de. Tá an fháil atá ar phearsanra cáilithe a bhfuil an taithí chuí acu sainaitheanta mar cheann de thosca riosca na hArd-Stiúrthóireachta. Sa bhreis air sin, tá roinnt cúraimí ann nach féidir lena lán saineolaithe náisiúnta ar iasacht a dhéanamh ar chúiseanna slándála, amhail ról an oifigigh tionscadail. Amhail ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022, is saineolaithe náisiúnta ar iasacht a bhí i mbeagnach leath d'fhoireann Stiúrthóireacht A in AS DEFIS. Déantar duine amháin den fhoireann reachtúil agus saineolaí náisiúnta ar iasacht amháin a shannadh chuig gach aon tionscadal. Bíonn saineolaithe náisiúnta ar iasacht páirteach den chuid is mó i leagan síos an chlársceidil agus in ullmhú na dtéacsanna le

haghaidh glaonna, ach cabhraíonn siad freisin le hoifigigh thionscadail trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme teicniúil na dtionscadal.

**101** Is eol don Choimisiún go bhfuil an cur chuige sin faoi ghrinnscrúdú géar i ndáil le seoladh CEC. Aon deacrachtaí maidir le CEC a bhainistiú go héifeachtúil mar gheall ar easpa acmhainní daonna oilte, dá bhrí sin, cruthaíonn siad riosca don Choimisiún. Ina anailís ar riachtanais foirne do 2021-2027 chun CEC a chur chun feidhme, chuir AS DEFIS béim ar an mbaol go mbeadh easpa acmhainneachta ann chun meastóireacht chuí a dhéanamh ar thograí agus chun tionscadail a bhainistiú ar bhealach fónta mura bhfaigheann sé na poist atá ag teastáil.

## Cuireann an Conradh teorainn le gníomhaíocht an Aontais maidir le cosaint agus rachadh straitéis fhadtéarmach chun tairbhe do CEC

**102** Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, mar a tugadh chun suntais in athbhreithniú a rinneamar ar an gcosaint Eorpach[51], cuirtear srian ar úsáid bhuiséad an Aontais don chosaint. Go sonrach, ní féidir le buiséad an Aontais ‘aon chaiteachas a thig ó oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu’ a chistiú[52]. Sa bhreis air sin, cuireann na Ballstáit cumais shibhialta agus mhíleata ar fáil don Aontas chun an comhbheartas slándála agus cosanta a chur chun feidhme, ach ní féidir leis an Aontas féin sócmhainní míleata a bheith aige. Cuireann an Conradh teorainn shainráite le raon feidhme an bheartais, á theorannú go ‘misin lasmuigh den Aontas’. Dá bhrí sin, tá fócas oibríochtúil an bheartais ar ghéarchéimeanna agus coinbhleachtaí seachtracha, seachas ar chosaint chríochach na hEorpa, ar rudaí iad sin atá mar fhreagracht ar na Ballstáit in éineacht le ECAT.

**103** Ós rud é gur uirlis bainistithe géarchéime é an comhbheartas slándála agus cosanta, nach bhfuil sé i gceist leis go mbeadh sé ina chomhbheartas cosanta Eorpach, ní bonn cuimsitheach é chun buntáiste teicneolaíoch cosanta an Aontais a fhorbairt. Tá anailísí éagsúla déanta i mBallstáit éagsúla, agus seasaimh éagsúla glactha acu, maidir le saincheisteanna tábhachtacha, amhail an tábhacht ábhartha a ghabhann le bagairtí slándála. Dá bhrí sin, tá srianta i mbuiséad an Aontais ó thaobh déileáil le saincheisteanna cosanta, rud a dhéanann cúrsaí níos casta a mhéid a bhaineann le cumais agus riachtanais choiteanna i réimse na cosanta.

[51] Féach Athbhreithniú 09/2019: ‘Cosaint Eorpach’, míreanna 11-18.

[52] Féach Airteagal 41(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

**104** Is mórchlár nua de chuid an Aontais é CEC chun tionscadail taighde agus forbartha chomhoibritheacha i réimse na cosanta a mhaoiniú. Ní chlúdaíonn sé, áfach, úsáid a bhaint amach anseo as na cumais atá á bhforbairt faoin gclár. Is iondúil gur tionscadail fhadtéarmacha iad tionscadail taighde i réimse na cosanta, a mhaireann suas le 20 bliain nó níos mó le haghaidh mórchumas sular féidir le haireachtaí cosanta iad a úsáid. Ní fios ag an tráth seo conas a d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh le tionscadail CEC ón gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha sna chéad chreataí airgeadais ilbhliantúla eile. Mar shampla, bhí cuid de thionscadal RBTC ó chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 ar leanadh díobh i dtréimhse 2021-2027 le tionscadail CEC faoi ghlaonna 2021 agus 2022 (féach mír ***70***).

**105** Tá na cumais atá le forbairt faoi CEC i bhfad ó bheith réidh le húsáid ag fórsaí míleata, toisc nár cuireadh tús le cur chun feidhme na gcéad tionscadal CEC ach chomh déanach le mí Eanáir 2023. Níl sa taighde agus teicneolaíocht ach cuid an-bheag den chostas iomlán agus den amlíne d'aon chlár armála ar feadh a shaolré[53].

**106** Níl straitéis chosanta Eorpach níos fadtéarmaí go fóill ag an Aontas. Tá sé ríthábhachtach do thodhchaí CEC go mbeadh straitéis den sórt sin ann. Níor thug an Coimisiún aghaidh go leordhóthanach fós ar chuid de na príomh-shaincheisteanna a d'fhágfadh go mbeidh an tionchar atá beartaithe leo ag tionscadail faoi CEC. Go dtí seo, níor chinn an Coimisiún roimh ré cén fócas a bheadh ag tionscadail CEC, mar shampla:

- a mhéid ba cheart do CEC tacú le líon beag de thionscadail mhóra a d'fhéadfadh a bheith iomaíoch ar fud an domhain seachas tacú le líon níos mó de thionscadail bheaga a bhfuil líon níos mó tairbhithe i gceist leo;
- an chaoi a n-eagrófar monaraíocht na gcumas cosanta a bheidh forbartha ag na tionscadail;
- an bhfuil an spéis is gá ag aireachtaí cosanta ina gceannach agus an ngeallfaidh siad go gceannóidh siad iad.

---

[53] Féach mar shampla: Mauro, F., Simon, E., Xavier, A., Athbhreithniú ar an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) agus ar an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (CEFTC): ceachtanna maidir le cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta (CEC), Parlaimint na hEorpa, 2021, Fíor 15, lch. 21.

**107** Sa Chompás Straitéiseach[54] a d'eisigh an Chomhairle i mí an Mhárta 2022, cuireadh béim ar an ngá atá le dreasú breise a thabhairt do phróiseas soláthair phoiblí ar bhonn comhpháirteach sna cumais chosanta, ar cumais iad sin a fhorbraítear ar bhealach comhoibritheach laistigh den Aontas. Dreasacht amháin den sórt sin atá molta is ea díolúine ó CBL do thionscadail chomhoibritheacha[55].

[54] Preaseisiúint ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 'Compás Straitéiseach le haghaidh slándáil agus cosaint níos láidre san Aontas sna deich mbliana amach romhainn', lch. 33.

[55] Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún maidir leis an anailís ar bhearnaí infheistíochta sa chosaint agus an bealach chun cinn, JOIN(2022) 24.

# Conclúidí agus moltaí

**108** Ar an iomlán, thángamar ar an gconclúid gur foghlaimíodh roinnt ceachtanna, ach fós gur laghdaíodh luach an Réamhbhirt maidir le Taighde Cosanta (RBTC) mar mhodh tástála chun caiteachas cosanta an Aontais a mhéadú mar gheall ar shrianta ama agus ar thorthaí teoranta. Nuair a foilsíodh Rialachán CEC i mí na Bealtaine 2021 agus nuair a seoladh na chéad ghlaonna CEC le haghaidh 2021 agus 2022, bhí formhór na dtionscadal faoi RBTC fós ar siúl. Ní raibh torthaí na dtionscadal a bhí curtha i gcrích ar fáil in am chun bonn eolais a thabhairt le haghaidh sheoladh CEC. Mar sin féin, bhí RBTC úsáideach chun an Coimisiún a chumasú nósanna imeachta oibre éagsúla a thástáil le haghaidh chaiteachas AE i ndáil le taighde cosanta don todhchaí.

**109** Cuireadh RBTC chun feidhme trí ghlaonna bliantúla iomaíocha ar thograí, bunaithe ar chláir oibre bhliantúla. Leag aireachtaí cosanta, comhordaitheoirí tionscadail RBTC agus rannpháirtithe béim ar an ngá atá le peirspictíocht ilbhliantúil. Is léargas gearrthéarmach amháin ar thopaicí taighde agus teicneolaíochta atá maoinithe ag an Aontas Eorpach a thugann tréimhse bliana d'iarratasóirí ar ghlaonna agus d'aireachtaí cosanta féideartha. Ní chuireann sé ar a gcumas a dtosaíochtaí a leagan síos thar thréimhse níos faide chun iad féin a ullmhú ar bhealach níos fearr. D'fhoilsigh an Coimisiún 'peirspictíocht ilbhliantúil' táscach do CEC le haghaidh thréimhse 2021-2027, a ndéanfar í a athbhreithniú go bliantúil (míreanna ***22***-***28*** agus ***85***-***86***).

## Moladh 1 – Úsáid tréimhse níos faide ná bliain amháin le haghaidh chláir oibre CEC

Chun a chumasú do gheallsealbhóirí a rannpháirtíocht in CEC a phleanáil ar bhealach níos fearr, ba cheart don Choimisiún, mar chuid den mheastóireacht mheántéarma ar Rialachán CEC, measúnú a dhéanamh ar an deis a thapú chun tréimhse níos faide ná aon bhliain amháin a moladh le haghaidh chláir oibre CEC, lena n-áirítear:

(a) Peirspictíocht ghearrthéarmach a thabhairt isteach ina bhfuil cláir oibre dhá bhliain le haghaidh CEC;

(b) Úsáid a bhaint as 'peirspictíocht ilbhliantúil' atá ceangailteach agus ina leagtar amach pleananna do gach catagóir ghníomhaíochta atá le clúdach i gcaitheamh na tréimhse atá fágtha den chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

**Spriocdháta cur chun feidhme: 2025**

**110** Nuair a rinneadh na chéad chláir oibre bhliantúla faoi RBTC a chur ar bun, ba é leagan 2014 den Phlean Forbraíochta um Chumas an t-aon uirlis a bhí ar fáil chun anailís a dhéanamh ar bheartas cosanta an Aontais agus chun tosaíochtaí acmhainneachta a leagan síos lena aghaidh. Fuaireamar amach go bhfuil níos mó ná dhá thrian de thopaicí agus tionscadail roghnaithe RBTC ag baint leis na tosaíochtaí cumais a sainaithníodh sa phlean. Tá go leor uirlisí agus tionscnamh pleanála breise le haghaidh chosaint an Aontais ar fáil anois (an Clár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde, an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint agus an Buanchomhar Struchtúrtha) ach níl siad comhordaithe go fóill. Dúirt na haireachtaí cosanta a chuireamar faoi agallamh linn gur úsáideadh na huirlisí sin go pointe teoranta do na chéad chláir oibre CEC (míreanna *29*-*34* agus *89*-*90*).

## Moladh 2 – Seicheamh comhleanúnach a leagan síos do na huirlisí pleanála agus comhair i réimse na cosanta Eorpaí atá ann cheana féin, agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi le pleanáil cosanta an Aontais a fhorbairt tuilleadh

Ionas go mbeidh a thionchar beartaithe ag CEC, ba cheart don Choimisiún oibriú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis na Ballstáit chun:

(a) Uirlisí pleanála agus comhair i réimse cosanta an Aontais a úsáid ar bhealach comhleanúnach mar ionchur chun na cláir oibre a ullmhú ar bhealach níos fearr;

(b) Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi le próiseas pleanála cosanta an Aontais a fhorbairt tuilleadh.

**Spriocdháta cur chun feidhme: 2026**

**111** Chuir glaonna RBTC ar chumas an Choimisiúin cineálacha éagsúla próiseas a thástáil, rud a bhí ar cheann dá chuspóirí; mar shampla, glaonna le topaic shonrach i gcomparáid le glaonna oscailte, glaonna lenar bhain aisíocaíocht na gcostas i gcomparáid le glaonna cnapshuime agus, i gcás an ghlao oscailte, meastóireacht aon chéime i gcomparáid le meastóireacht dhá chéim. Chruthaigh na próisis éagsúla a tástáladh le haghaidh RBTC a bheith úsáideach do na chéad ghlaonna bliantúla CEC in 2021 agus 2022 (mar shampla, trína chur ar a gcumas glaonna oscailte nó glaonna sonracha a chur san áireamh le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide). Mar sin féin, níor cuireadh na ceachtanna ar fad a foghlaimíodh san áireamh do CEC (míreanna *37*-*39* agus *93*-*97*).

**112** I gcás roinnt glaonna iomaíocha faoi RBTC, bhí freagairt theoranta ann – uaireanta mar gheall ar an líon beag cuideachtaí de chuid an Aontais a bhí in ann freagairt do ghlao ar thograí don teicneolaíocht a bhí ag teastáil. Tá comhordaitheoirí tionscadail agus rannpháirtithe tionscadail comhchruinnithe i mBallstáit a bhfuil tionscail mhóra cosanta acu. Ar an gcaoi chéanna, tá na saineolaithe neamhspleácha a úsáideadh don phróiseas meastóireachta agus dámhachtana comhchruinnithe sna tíortha sin. Thugamar faoi deara gur tharla na teaglamaí céanna cuideachtaí i roinnt tionscadal. Is éard a bhí i gceist le formhór mór na gcuibhreannas faoi RBTC ná leanúint ar aghaidh den chomhar idir eintitis a bhí ag obair le chéile cheana féin sular tháinig ann do chlár RBTC (míreanna ***37***-***39*** agus ***57***-***63***).

**113** Measadh go raibh ceanglais slándála iomarcach uaireanta agus go raibh siad ina gcúis le moilleanna i bpróiseas an chomhaontaithe deontais, go príomha mar gheall ar an am a thógann sé imréiteach slándála saoráide a fháil agus uaireanta imréiteach slándála pearsanra. Chomh maith leis sin, bhí siad ina gcúis le deacrachtaí do chur chun feidhme na dtionscadal, rud a chuir isteach ar an gcumarsáid idir comhaltaí na gcuibhreannas. Ba phróiseas deacair é saineolaithe neamhspleácha a earcú chun tionscadail a mheas toisc gur beag saineolaí a bhí ar fáil ar an margadh agus toisc go raibh orthu imréiteach slándála pearsanra a bheith acu óna n-údaráis náisiúnta (míreanna ***40***-***42***, ***53***-***54*** agus ***67***).

**114** Bhí éagsúlachtaí suntasacha san am foriomlán a thóg sé idir seoladh na nglaonna agus síniú na gcomhaontuithe deontais (i.e. sula bhféadfaí tús a chur leis an obair ar na tionscadail iarbhír), agus is beagán os cionn bliain go leith a bhí ann ar an meán. Mheas geallsealbhóirí RBTC, go háirithe comhordaitheoirí tionscadail a cuireadh faoi agallamh, go raibh an t-am a thóg sé idir seoladh na nglaonna agus síniú na gcomhaontuithe deontais rófhada (míreanna ***43***-***45***).

## Moladh 3 – Próisis a athbhreithniú chun rannpháirtíocht in CEC a éascú tuilleadh

Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chun rochtain ar ghlaonna a éascú agus chun cur chun feidhme na nglaonna sin a éascú, lena n-áirítear:

(a) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíochtaí breise a chur chun cinn agus tacú leis na Ballstáit in eagrú na ngníomhaíochtaí sin chun éagsúlú rannpháirtíochta in CEC a éascú;

(b) Ba cheart don Choimisiún, i gcomparáid le RBTC, an t-am a thógann sé ón tráth a dhúntar glaonna le haghaidh CEC go dtí síniú an chomhaontaithe deontais a laghdú;

(c) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhchomhairle leis na Ballstáit, agus sa chás go bhfuil feidhm ag rialacha slándála an Choimisiúin, cúnamh breise a sholáthar chomh maith le dea-chleachtais a chomhroinnt i dtaca le himréiteach slándála saoráide, i dtaca le himréiteach slándála pearsanra agus i dtaca le láimhseáil faisnéise rúnaicmithe, d’fhonn go laghdófaí a mhéid is féidir an t-ualach ar rannpháirtithe an tionscadail.

**Spriocdháta cur chun feidhme: 2024**

**115** Rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint i gcás na bainistíochta indíríagus Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta, an Tionscail agus an Spáis i gcás na bainistíochta dírí, araon, faireachán rialta ar gach tionscadal RBTC (míreanna ***46***-***52***).

**116** I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh a mheastar a thiocfaidh ar líon na dtograí a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu agus ar líon na dtionscadal a mbeidh bainistiú le déanamh orthu, tá AS DEFIS ar a dhícheall ag iarraidh a nósanna imeachta a shruthlíniú. Mar sin féin, tá brú agus dúshláin as cuimse fós amach roimhe ó thaobh acmhainní daonna de. Sainaithníodh go bhfuil an fháil atá ar phearsanra cáilithe ar cheann de na tosca riosca atá ann d’Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta, an Tionscail agus an Spáis. Fuaireamar aiseolas dearfach ó aireachtaí cosanta, ó chomhordaitheoirí tionscadail RBTC agus ó rannpháirtithe tionscadail maidir le bainistíocht indíreach, a bhfuil níos lú d’fhoireann an Choimisiúin ag teastáil lena haghaidh. Níl an bhainistíocht indíreach, arb í an eisceacht í seachas an gnáthchleachtas i Rialachán CEC, in úsáid chomh forleathan céanna anois agus a bhíodh i gcás RBTC (míreanna ***51***-***52***, ***95*** agus ***98***-***101***).

## Moladh 4 – Measúnú a dhéanamh ar úsáid níos leithne a bhaint as an mbainistíocht indíreach mar rogha do thionscadail CEC

Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an deis agus an fhéidearthacht atá ann chun úsáid níos leithne a bhaint as an mbainistíocht indíreach do thionscadail CEC, mar shampla i gcás rioscaí atá nasctha le hinfhaighteacht theoranta acmhainní leormhaithe ag an gCoimisiún nó mar gheall ar nádúr an tionscadail.

**Spriocdháta cur chun feidhme: 2024**

**117** D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint doiciméid i dtaobh na gceachtanna a foghlaimíodh faoi RBTC, ghlac an Bord Stiúrtha iad agus cuireadh ar fáil don Choimisiún iad. Rinne an Coimisiún anailís freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus roinn sé leis na Ballstáit, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí iad. Dhírigh na ceachtanna sin a foghlaimíodh isteach ar phróisis (míreanna ***73*** agus ***87***).

**118** Cuireann an Conradh ar an Aontas Eorpach srian ar an úsáid is féidir a bhaint as buiséad an Aontais don chosaint. Tá gníomhaíocht an Aontais i réimse na cosanta teoranta don chomhbheartas slándála agus cosanta, ar uirlis bainistithe géarchéime sheachtrach é, agus níl sé ceaptha a bheith ina bheartas cosanta comhchoiteann don Aontas Eorpach a chuimseodh, mar shampla, sainmhíniú coiteann ar bhagairtí. Fágann an laincis sin go bhfuil an phleanáil fhadtéarmach le haghaidh chaiteachas AE i réimse na cosanta níos casta (míreanna ***102-103***).

**119** Níl straitéis níos fadtéarmaí le haghaidh CEC fós ag an Aontas. Tá sé bunriachtanach do thodhchaí CEC go mbeadh straitéis den sórt sin ann. Níor thug an Coimisiún aghaidh go leordhóthanach fós ar chuid de na príomh-shaincheisteanna a d'fhágfadh go mbeidh an tionchar atá beartaithe leo ag tionscadail faoi CEC (míreanna ***102-107***).

## Moladh 5 – Straitéis fhadtéarmach a dhearadh le haghaidh CEC chun láithreacht na teicneolaíochta forbartha in earnáil cosanta an Aontais a mhéadú

Nuair a bheidh sé ag gabháil don athbhreithiniú meántéarma, ba cheart don Choimisiún, ag obair in éineacht leis na Ballstáit agus peirspictíocht ilbhliantúil CEC á thógáil mar bhonn aige, straitéis fhadtéarmach a fhorbairt do CEC. Maidir leis an straitéis sin:

(a) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm aici a áirithiú go ndéanann na cumais atá forbartha le cistí ón Aontas aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhórsaí armtha Bhallstáit an Aontais, agus fós bonn theicniúil agus thionsclaíoch chosaint an Aontais a threisiú. Ba cheart go dtabharfadh sí aghaidh ar shaincheisteanna, amhail ar chóir do CEC díriú isteach ar líon níos lú de thionscadail mhóra;

(b) Ba cheart go mbeadh comhchodanna idirnasctha inti a bhfuil creataí ama éagsúla ag gabháil leo (cláir oibre dhá bhliain, straitéis a chlúdaíonn gach creat airgeadais ilbhliantúil mar aon le straitéis fhadtéarmach, agus iad sin a nuashonrú go rialta i bhfianaise aon athruithe a thagann ar bhagairtí slándála);

(c) Ba cheart go mbeadh táscairí intomhaiste inti a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu go rialta agus as a leanfaidh ceartúcháin i dtosaíochtaí na gclár oibre bliantúil nuair nach gcomhlíontar spriocanna.

**Spriocdháta cur chun feidhme: 2026**

Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 28 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Forléargas ar na príomhchéimeanna agus ar na príomhdhoiciméid i bhforbairt CEC

| Céard? | Cé? | Cathain? |
|---|---|---|
| Conradh ar an Aontas Eorpach – Airteagail 42-46 – Forálacha maidir leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta | | 26 Deireadh Fómhair 2012 |
| Díospóireacht théamach maidir le cosaint | An Chomhairle Eorpach | 19 agus 20 Nollaig 2013 |
| Tuarascáil dar teideal Taighde Cosanta Eorpach — An cás do chlár T&T cosanta arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach | Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála | Feabhra 2016 |
| Glaonna ar thograí le haghaidh an treoirthionscadail maidir le taighde cosanta | An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 13 Bealtaine 2016 |
| 'Fís Chomhroinnte, Comhghníomhaíocht: Eoraip níos Láidre – Straitéis Dhomhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh' | An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí | Meitheamh 2016 |
| Aitheasc ar Staid an Aontais: 'Ionsar Eoraip níos fearr — an Eoraip sin a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn' | Uachtarán an Choimisiúin, Jean-Claude Juncker | Meán Fómhair 2016 |
| Síniú chomhaontú deontais an treoirthionscadail | An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 28 Deireadh Fómhair 2016 |
| 'Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint', lena n-áirítear an tagairt do Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta a sheoladh in 2017 | An Coimisiún Eorpach | 30 Samhain 2016 |
| Páipéar scóipe RBTC | An Coimisiún Eorpach | Samhain 2016 |

| Céard? | Cé? | Cathain? |
|---|---|---|
| Rún maidir leis na himpleachtaí bunreachtúla, dlíthiúla agus institiúideacha a bhaineann le comhbheartas slándála agus cosanta, ag iarraidh go ndéanfaí an réamhbheart maidir le taighde cosanta a chur chun feidhme go hiomlán | Parlaimint na hEorpa | 16 Márta 2017 |
| Cinneadh maidir le maoiniú don 'Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta' agus maidir le costais aonaid a úsáid don bhliain 2017 | An Coimisiún Eorpach | 11 Aibreán 2017 |
| Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD) Bhallstáit an Aontais | Forbartha ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus ansin formheasta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh | 18 Bealtaine 2017 |
| Comhaontú tarmligin idir an tAontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún Eorpach, agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, maidir le Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) a chur chun feidhme | Arna shíniú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 31 Bealtaine 2017 |
| Foilsítear 'Glaonna ar thograí RBTC 2017 agus iarscríbhinní ginearálta' | An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 7 Meitheamh 2017 |
| Teachtaireacht maidir le seoladh an Chiste Eorpaigh Cosanta | An Coimisiún Eorpach | 7 Meitheamh 2017 |
| Togra le haghaidh rialachán lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais | An Coimisiún Eorpach | 7 Meitheamh 2017 |
| Cinneadh maidir le buanchomhar struchtúrtha (PESCO) a bhunú ar leibhéal na mBallstát | Comhairle an Aontais Eorpaigh | 11 Nollaig 2017 |

| Céard? | Cé? | Cathain? |
|---|---|---|
| Cinneadh maidir le maoiniú don 'Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta' agus maidir le costais aonaid a úsáid don bhliain 2018 | An Coimisiún Eorpach | 9 Márta 2018 |
| Foilsíltear 'Glaonna ar thograí RBTC 2018 agus iarscríbhinní ginearálta' | An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 15 Márta 2018 |
| Plean Forbraíochta um Chumas (CDP) an t-eagrán deireanach (2018) | An Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint (Formhuiniú ón mBord Stiúrtha) | Meitheamh 2018 |
| Togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta | An Coimisiún Eorpach | 13 Meitheamh 2018 |
| Rialachán (AE) 2018/1092 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais | Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh | 18 Iúil 2018 |
| Tuarascáil 2017/2018 ar iarracht thrialach don Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint (CARD) curtha isteach | Bord Stiúrtha Aireachta na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (i.e. airí cosanta) | 20 Samhain 2018 |
| Formhuiniú don Chlár Gnó Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde (OSRA) | An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (An Bord Stiúrtha i gcomhdhéanamh na Stiúrthóirí Taighde agus Teicneolaíochta) | 12 Nollaig 2018 |
| Cinneadh maidir le maoiniú don 'Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta' agus maidir le glacadh an chláir oibre do 2019 | An Coimisiún Eorpach | 19 Márta 2019 |
| Foilsítear 'Glaonna ar thograí RBTC 2019 agus iarscríbhinní ginearálta' | An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 19 Márta 2019 |

| Céard? | Cé? | Cathain? |
| --- | --- | --- |
| Foilsítear 'An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (CEFTC) 2019 – Glaonna ar thograí, coinníollacha do na glaonna agus na hiarscríbhinní' | An Coimisiún Eorpach | 22 Iúil 2019 |
| Foilsístear 'An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (CEFTC) 2020 – Glaonna ar thograí, coinníollacha do na glaonna agus na hiarscríbhinní' | An Coimisiún Eorpach | 23 Iúil 2020 |
| An Chéad Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint curtha faoi bhráid Bhord Stiúrtha Aireachta GEC | An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint | 20 Samhain 2020 |
| Rialachán (AE) 2021/697 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 | Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh | Foilsiú: 12 Bealtaine 2021<br>Teacht i bhfeidhm cúlghabhálach: 1 Eanáir 2021 |
| Roghnaítear 26 thionscadal nua de chuid an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta a bhfuil buiséad d'os cionn € 158 milliún ag gabháil leo i gcomhair a maoinithe agus faigheann dhá mhórthionscadal forbartha cumais deontas de €137 milliún, arna dhámhachtain go díreach, faoin gclár | An Coimisiún Eorpach | 30 Meitheamh 2021 |
| Glactar Clár oibre bliantúil 2021 an Chiste Eorpaigh Cosanta, agus seoltar 23 ghlao ar thograí ar fiú €1.2 billiún iad | An Coimisiún Eorpach | 30 Meitheamh 2021 |
| Nocht an Coimisiún gníomhaíochtaí suntasacha chun rannchuidiú leis an gcosaint Eorpach, borradh a chur faoin nuálaíocht agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha | An Coimisiún Eorpach | 15 Feabhra 2022 |
| Compás Straitéiseach don tslándáil agus don chosaint eisithe | Comhairle an Aontais Eorpaigh | 21 Márta 2022 |

| Céard? | Cé? | Cathain? |
|---|---|---|
| Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le bearnaí infheistíochta sa chosaint | An Coimisiún Eorpach | 18 Bealtaine 2022 |
| Clár oibre bliantúil 2022 an Chiste Eorpaigh Cosanta (Cuid I agus Cuid II) agus seoladh glaonna ar thograí | An Coimisiún Eorpach | 21 Meitheamh 2022 agus 25 Bealtaine 2022 |
| Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT (NDPP) – Deireadh leis an timthriall agus tús an timthrialla nua | Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) | Deireadh Phlean 2023 |

## Iarscríbhinn II – Na 18 dtionscadal RBTC a roghnaíodh lena gcistiú idir 2017 agus 2019

| Glao | An tionscadal/ na tionscadail a roghnaíodh | Tíortha na rannpháirtithe | Buiséad na dtionscadal *(milliún euro)* |
|---|---|---|---|
| **PADR-US-01-2017:** Léiritheoir teicneolaíoch ar mhaithe le feasacht staide feabhsaithe i dtimpeallacht chabhlaigh | **OCEAN 2020** – Comhar oscailte le haghaidh feasacht mhuirí Eorpach (críochnaithe) | IT, ES, DE, SE, PL, FR, EL, NL, UK, LT, PT, DE, FI, EE, ECAT | 35.5 |
| **PADR-FPSS-01-2017:** Cosaint fórsa agus ardchórais saighdiúirí a théann níos faide ná na cláir reatha | **ACAMS II** – Duaithníocht Oiriúnaitheach don Saighdiúir II (críochnaithe agus faoi dhúnadh riaracháin) | SE, PT, DE, LT, NL, FR | 2.6 |
| | **GOSSRA** – Struchtúr Tagartha an Chórais Oscailte Ghinearálta do Shaighdiúirí (críochnaithe) | DE, ES, PL, PT, IT | 1.5 |
| | **VESTLIFE** – Réiteach Comhtháite Modúlach Piléardhíonach Fíoréadrom le haghaidh Cosaint do Shaighdiúirí ar Chois (críochnaithe) | ES, PT, NL, IT, FI | 2.4 |
| **PADR-STF-01-2017:** An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta – Fadbhreathnaitheach t Straitéiseach Teicneolaíochta | **PYTHIA** – Modheolaíocht Réamhthuartha le haghaidh Anailís Faisnéisíochta Teicneolaíochta (críochnaithe) | IT, FR, UK, PL, BG, RO | 0.9 |
| **PADR-EDT-02-2018:** Comhchodanna Eorpacha ardfheidhmíochta, iontaofa agus in-(ath)chumraithe a bhaineann le córas ar shlis nó le córas i bpacáistíocht le haghaidh feidhmchláir chosanta | **EXCEED** – Córas ar shlis atá iontaofa agus solúbtha le haghaidh feidhmchláir chosanta Eorpacha (ar siúl) | FR, PL, IT, ES, DE, EL, NO | 12.0 |
| **PADR-EF-02-2018:** Ionsar éifeachtóir léasair ardchumhachta Eorpach | **TALOS** – Ardchóras Optúil Léasair Oirbheartaíochta (ar siúl) | FR, NL, IT, DE, CZ, BE, PL, UK, ES | 5.4 |
| **PADR-STF-02-2018:** An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta 2 – Fadbhreathnaithea cht Straitéiseach Teicneolaíochta | **SOLOMON** – Anailís atá dírithe ar straitéis ar fhórsaí an mhargaidh i gcosaint an Aontais Eorpaigh (deireadh curtha leis agus é faoi dhúnadh riaracháin) | IT, FR, UK, BG, RO, PL, BE, EL, ES | 1.9 |

| Glao | An tionscadal/<br>na tionscadail a roghnaíodh | Tíortha na rannpháirtithe | Buiséad na dtionscadal<br>*(milliún euro)* |
|---|---|---|---|
| **PADR-EMS-03-2019:** Feidhmeanna cogaíochta comhcheangailte radair, cumarsáide agus leictreonacha bunaithe ar Eagair Eorpacha Gníomhacha atá Scanta go Leictreonach le haghaidh feidhmchláir mhíleata | **CROWN** – Eagar Eorpach gníomhach atá scanta go leictreonach le feidhmeanna cogaíochta comhcheangailte radair, cumarsáide agus leictreonacha le haghaidh feidhmchláir mhíleata (ar siúl) | ES, FR, DE, SE, NL, IT, LT | 10.0 |
| **PADR-FDDT-OPEN-03-2019:** Dul i ngleic leis an todhchaí | **METAMASK** – Meiteadhromchlaí le haghaidh mascáil oiriúnaitheach amfhearainn (ar siúl) | IT, FR, NL | 1.4 |
| | **SPINAR** – Líonra néarach saorga crua-earraí guairnebhunaithe le haghaidh próiseáil neadaithe RF (ar siúl) | FR, PT, BE | 1.4 |
| | **PRIVILEGE** – Príobháideacht agus criptiú homamorfach le haghaidh na hintleachta saorga | FR, CZ, EL | 1.5 |
| **PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Suíomh, loingseoireacht agus uainiú uathrialaitheach | **OPTIMISE** – Córas suite nuálach don chosaint i limistéir a bhfuil GNSS diúltaithe dóibh (ar siúl) | ES, IT, FR, SK | 1.5 |
| **PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Intleacht Shaorga don chosaint | **AIDED** – Intleacht Shaorga chun gairis phléascacha a bhrath | BE, UK, NL, LV | 1.5 |
| **PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Teicneolaíochtaí Candamacha le haghaidh feidhmchláir chosanta | **QUANTAQUEST** – Cumarsáid agus Loingseoireacht Shlán Chandamach don Chosaint Eorpach (ar siúl) | IT, NL, FR | 1.5 |
| **PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Éifeachtaí Fadraoin | **PILUM** – Diúracáin le haghaidh éifeachtaí fadraoin méadaithe ag baint úsáid as ráilghunna leictreamaighnéadach (ar siúl) | FR, DE, PL, IT, BE | 1.5 |

| Glao | An tionscadal/<br>na tionscadail a roghnaíodh | Tíortha na rannpháirtithe | Buiséad na dtionscadal<br>*(milliún euro)* |
|---|---|---|---|
| **PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Acmhainneacht saighdiúirí a mhéadú | **ARTUS** – Saithe UGV Uathrialach don Iompar ar Thír-raon Garbh (ar siúl) | AT, DE, FR | 1.5 |
| **RBTC-FDDT-EMERGING-03-2019:** Caighdeáin idir-inoibritheachta do chórais mhíleata gan fhoireann | **INTERACT** – Caighdeáin idir-inoibritheachta do chórais fórsaí armtha gan fhoireann (ar siúl) | DE, NL, ES, SE, IT, FR, DK, LT, RO, PL | 1.5 |

*Nóta:* AT – an Ostair, BE – an Bheilg, BG – an Bhulgáir, CZ – an tSeicia, DE – an Ghearmáin, DK – an Danmhairg, EE – an Eastóin, EL – an Ghréig, ES – an Spáinn, FI – an Fhionlainn, FR – an Fhrainc, IT – an Iodáil, LT – an Liotuáin, NL – an Ísiltír, NO – an Iorua, PL – an Pholainn, PT – an Phortaingéil, RO – an Rómáin, SE – an tSualainn, UK – an Ríocht Aontaithe, ECAT – Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún (https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/fs_20_1077) agus ar shonraí ó GEC.

## Iarscríbhinn III – Próisis éagsúla a tástáladh le glaonna RBTC

| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Córais gan fhoireann**<br>**PADR-US-01-2017:** Léiritheoir teicneolaíoch ar mhaithe le feasacht staide feabhsaithe i dtimpeallacht chabhlaigh<br>120 lá | Topaic shainithe<br>€15.48 milliún + €20 milliún in 2020 | Gníomhaíocht taighde<br>Beartaithe tosú ag LUT 4 agus sprioc don LUT nach ísle ná 6 agus nach airde ná 7 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Ualú de 1.5 don chritéar ‘Tionchar’. Ualú de 1 don dá chritéar eile | Indíreach | **OCEAN 2020** |
| **Cosaint an fhórsa agus córas na saighdiúirí**<br>**PADR-FPSS-01-2017:** Cosaint fórsa agus ardchórais saighdiúirí a théann níos faide ná na cláir reatha<br>106 lá | Topaic shainithe<br>€6.78 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Do thopaic amháin: táthar ag súil go ndíreofar ar LUT 1 go 3 – don dá thopaic eile: táthar ag súil go ndíreofar ar LUT 2 go 4-5 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **ACAMS II, GOSSRA, VESTLIFE** |
| **Fadbhreathnaitheacht straitéiseach teicneolaíochta**<br>**PADR-STF-01-2017:** An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta<br>106 lá | Topaic shainithe<br>€0.948 milliún | Gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta<br>Níl LUT infheidhme (N/B) | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **PYTHIA** |

| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teicneolaíochtaí deartha leictreonacha le haghaidh feidhmchláir chosanta**<br>**PADR-EDT-02-2018:** Comhchodanna Eorpacha ardfheidhmíochta, iontaofa agus in-(ath)chumraithe a bhaineann le córas ar shlis nó le córas i bpacáistíocht le haghaidh feidhmchláir chosanta<br>105 lá | Topaic shainithe<br>€11.98 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe tosú ag LUT 2 go 3 agus spriocdhíriú ar LUT 5 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **EXCEED** |
| **Éifeachtaí**<br>**PADR-EF-02-2018:** Ionsar éifeachtóir léasair ardchumhachta Eorpach<br>105 lá | Topaic shainithe<br>€5.4 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 5 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **TALOS** |

| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fadbhreathnaitheacht straitéiseach teicneolaíochta**<br>**PADR-STF-02-2018:** An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta 2 – Fadbhreathnaithea cht Straitéiseach Teicneolaíochta<br>105 lá | Topaic shainithe<br>€1.9 milliún | Gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta<br>LUT N/B | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **SOLOMON** |
| **Cinseal sa speictream leictreamaighnéadach**<br>**PADR-EMS-03-2019:** Feidhmeanna cogaíochta comhcheangailte radair, cumarsáide agus leictreonacha bunaithe ar Eagair Eorpacha Gníomhacha atá Scanta go Leictreonach le haghaidh feidhmchláir mhíleata<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€10 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 4 ar a laghad | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **CROWN** |


| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teicneolaíochtaí cosanta suaiteacha sa todhchaí (FDDT)**<br>**PADR-FDDT-OPEN-03-2019:** Dul i ngleic leis an todhchaí<br>An chéad chéim: 91 lá | Glao oscailte<br>€4.3 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>'Gan dul thar chruthúnas coincheapa áititheach turgnamhach a thabhairt i gcrích', i.e. gan dul thar LUT 3 | Cnapshuim | 2 chéim | Meastóireacht sa 2ú céim:<br>o Ualú de 50 % i gcás 'Sármhaitheas'<br>o Ualú de 30 % i gcás 'Tionchar'<br>o Ualú de 20 % i gcás 'Cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme' | Díreach | **METAMASK, SPINAR, PRIVILEGE** |
| **FDDT**<br>**PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Suíomh, loingseoireacht agus uainiú uathrialaitheach<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 3-4 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | o Ualú de 50 % i gcás 'Sármhaitheas'<br>o Ualú de 30 % i gcás 'Tionchar'<br>o Ualú de 20 % i gcás 'Cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme' | Indíreach | **OPTIMISE** |
| **FDDT**<br>**PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Intleacht Shaorga don chosaint<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 3-4 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | 50 %, 30 % agus 20 % faoi mar atá le gach glao RBTC-FDDT-EMERGING-03-2019 | Indíreach | **AIDED** |

| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FDDT**<br>**PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Teicneolaíochtaí Candamacha le haghaidh feidhmchláir chosanta<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 3-4 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | 50 %, 30 % agus 20 % faoi mar atá le gach glao RBTC-FDDT-EMERGING-03-2019 | Indíreach | **QUANTA-QUEST** |
| **FDDT**<br>**PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Éifeachtaí Fadraoin<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 3-4 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | 50 %, 30 % agus 20 % faoi mar atá le gach glao RBTC-FDDT-EMERGING-03-2019 | Indíreach | **PILUM** |
| **FDDT**<br>**PADR-FDDT-EMERGING-03-2019:** Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Acmhainneacht saighdiúirí a mhéadú<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>Tá sé beartaithe díriú ar LUT 3-4 | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | 50 %, 30 % agus 20 % faoi mar atá le gach glao RBTC-FDDT-EMERGING-03-2019 | Indíreach | **ARTUS** |

| Ainm an ghlao<br>Tagairt don ghlao agus topaic<br>Fad an ghlao i laethanta | An cineál glao<br>An buiséad don ghlao<br>*(milliún euro)* | An cineál gníomhaíochta<br>Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaíochta (LUT) | An cineál deontais | Meastóireacht 1 / 2 chéim | Ualú na gcritéar meastóireachta (sármhaitheas, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme) | Bainistíocht dhíreach / indíreach | Tionscadail RBTC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Córais gan fhoireann**<br>**PADR-US-03-2019:** Caighdeáin idir-inoibritheachta do chórais mhíleata gan fhoireann<br>160 lá | Topaic shainithe<br>€1.5 milliún | Gníomhaíocht taighde<br>LUT N/B | Aisíocaíocht costas | 1 chéim | Gan ualú difriúil a bheith ann do na 3 chritéar meastóireachta | Indíreach | **INTERACT** |

*Foinse:* CIE.

## Iarscríbhinn IV – Forléargas ar an bpróiseas a úsáideann GEC go dtí go sínítear an comhaontú deontais




*Nóta:* Gnéithe eiticiúla, dlíthiúla agus sochaíocha (ELSA), Ballstáit (BSanna), an tÚdarás um Shlándáil Náisiúnta (NSA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún agus ó GEC.

## Iarscríbhinn V – Torthaí achoimre ar na 12 thionscadal RBTC a ndearnadh anailís orthu

| | Torthaí achoimre an tionscadail |
|---|---|
| OCEAN 2020 | Tionscadal dúnta.<br>Sholáthair OCEAN 2020, leis na trialacha allamuigh sa Mheánmhuir agus i bhfarraigí Mhuir Bhailt, go sonrach cruthúnas coincheapa don Lárionad Oibríochtaí Muirí (MOC), léiritheoir de chomhtháthú sonraí agus saoráidí oibríochtúla a chumasaíonn feasacht staide na gceannasaithe. |
| GOSSRA | Tionscadal dúnta.<br>Tá an fhéidearthacht ann go mbeadh GOSSRA ina chaighdeán ECAT. Choimeád an cuibhreannas teagmháil rialta leis an nGrúpa um Chumas Talún de chuid ECAT. Is é an toradh a bhí ar an tionscadal ná gur eisíodh moladh caighdeánach ECAT (STANREC 4845 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022), ar dháil ECAT é ar náisiúin uile ECAT agus a chuir tús le próiseas caighdeánaithe ECAT. |
| VESTLIFE | Tionscadal dúnta.<br>Réitigh an trádmharc VESTLIFE an bealach do phaitinní ón Iodáil agus ón Ísiltír. |
| PYTHIA | Dúnadh an tionscadal gan a inseachadáin go léir a bheith bainte amach. Rinneadh cistí a shaoradh ó ghealltanas. Bhí saineolaithe seachtracha páirteach sa mheasúnú ar inseachadáin, garspriocanna agus tionchair an tionscadail. |
| EXCEED | Tionscadal ar siúl faoi láthair.<br>De réir na cuairte ar an bhfód, tugadh síneadh ama don tionscadal go dtí mí Aibreáin 2025. Formheasadh an leasú i mí Iúil 2022. Breathnaítear ar EXCEED mar léiritheoir a thaispeánann gur féidir an fheidhmíocht spriocdhírithe a bhaint amach. Ní fréamhshamhail é. |
| TALOS | Tionscadal ar siúl faoi láthair.<br>De réir na tuarascála measúnaithe don chéad tréimhse thuairiscithe, ‘tá formhór a chuspóirí agus a gharspriocanna don tréimhse bainte amach ag an tionscadal, le dialltaí atá sách beag.’ |

| | Torthaí achoimre an tionscadail |
|---|---|
| CROWN | Tionscadal ar siúl faoi láthair.<br><br>De réir na cuairte ar an bhfód, níl a fhios ag comhordaitheoir an tionscadail ag an tráth seo an mbeidh an tionscadal in ann dul chun cinn go dtí céim na fréamhshamhla. Ní dhearnadh foráil i dtéacs an ghlao d'athbhreithniú geata 'chun a sheiceáil conas a dhéanfar an tionscadal le comhchodanna AE' ach cuireadh é sin sa chomhaontú deontais a shínigh na páirtithe. Is cúis mhór imní é an t-athbhreithniú sin. Tá comhordaitheoir an tionscadail ag seiceáil na gcomhchodanna agus na rioscaí go léir. |
| SPINAR | Tionscadal ar siúl faoi láthair; cuireadh tús leis i mí na Nollag 2020.<br><br>De réir na cuairte ar an bhfód, bhí tionscadal SPINAR aicmithe ró-ard (*EU-restricted*). Ag tráth amháin, mar gheall ar an leibhéal aicmiúcháin, bhí ceist ann faoin gcaoi a bhféadfadh comhpháirtithe laistigh de na cuibhreannais faisnéis a mhalartú le chéile. Tá costas ag baint le haicmiú ró-ard.<br><br>Deontas cnapshuime gan aon tuairisciú idirmheánach tionscadail. |
| PRIVILEGE | Tionscadal ar siúl faoi láthair; cuireadh tús leis i mí na Samhna 2020.<br><br>Deontas cnapshuime gan aon tuairisciú idirmheánach tionscadail. |
| AIDED | Tionscadal ar siúl faoi láthair; cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2021. |
| QUANTAQUEST | Tionscadal ar siúl faoi láthair; cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2021. |
| INTERACT | Tionscadal ar siúl faoi láthair; cuireadh tús leis i mí an Mheithimh 2021. |

## Iarscríbhinn VI – Méideanna tionscadail RBTC a bhí caite ag deireadh 2021

| Glao | Ainm an ghlao | Tionscadal roghnaithe | Buiséad an tionscadail *(milliún euro)* | % de réamh-mhaoiniú | % den mhéid a bhí caite ag deireadh 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| PADR-US-01-2017 | Léiritheoir teicneolaíoch ar mhaithe le feasacht staide feabhsaithe i dtimpeallacht chabhlaigh | **OCEAN 2020** | 35.5 | 40 % | 90 % |
| PADR-FPSS-01-2017 | Cosaint fórsa agus ardchórais saighdiúirí a théann níos faide ná na cláir reatha | **ACAMS II** | 2.6 | 50 % | 83 % |
| | | **GOSSRA** | 1.5 | 50 % | 100 % |
| | | **VESTLIFE** | 2.4 | 50 % | 90 % |
| RBTC-STF-01-2017: | An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta – Fadbhreathnaitheacht Straitéiseach Teicneolaíochta | **PYTHIA** | 0.9 | 80 % | 91 % |
| RBTC-EDT-02-2018: | Comhchodanna Eorpacha ardfheidhmíochta, iontaofa agus in-(ath)chumraithe a bhaineann le córas ar shlis nó le córas i bpacáistíocht le haghaidh feidhmchláir chosanta | **EXCEED** | 12.0 | 50 % | 50 % |
| RBTC-EF-02-2018: | Ionsar éifeachtóir léasair ardchumhachta Eorpach | **TALOS** | 5.4 | 50 % | 90 % |
| RBTC-STF-02-2018: | An Rúidbhealach Taighde Eorpach i réimse na Cosanta 2 – Fadbhreathnaitheacht Straitéiseach Teicneolaíochta | **SOLOMON** | 1.9 | 60 % | 60 % |
| PADR-EMS-03-2019 | Feidhmeanna cogaíochta comhcheangailte radair, cumarsáide agus leictreonacha bunaithe ar Eagair Eorpacha Gníomhacha atá Scanta go Leictreonach le haghaidh feidhmchláir mhíleata | **CROWN** | 10.0 | 30 % | 30 % |

| Glao | Ainm an ghlao | Tionscadal roghnaithe | Buiséad an tionscadail *(milliún euro)* | % de réamh-mhaoiniú | % den mhéid a bhí caite ag deireadh 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| PADR-FDDT-OPEN-03-2019 | Dul i ngleic leis an todhchaí | **METAMASK** | 1.4 | 65 % | 65 % |
| | | **SPINAR** | 1.4 | 65 % | 65 % |
| | | **PRIVILEGE** | 1.4 | 65 % | 65 % |
| PADR-FDDT-EMERGING-03-2019 | Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Suíomh, loingseoireacht agus uainiú uathrialaitheach | **OPTIMISE** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| PADR-FDDT-EMERGING-03-2019 | Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Intleacht Shaorga don chosaint | **AIDED** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| PADR-FDDT-EMERGING-03-2019 | Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Teicneolaíochtaí Candamacha le haghaidh feidhmchláir chosanta | **QUANTAQUEST** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| PADR-FDDT-EMERGING-03-2019 | Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Éifeachtaí Fadraoin | **PILUM** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| PADR-FDDT-EMERGING-03-2019 | Deiseanna cinniúnacha atá ag teacht chun cinn – Acmhainneacht saighdiúirí a mhéadú | **ARTUS** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| PADR-US-03-2019 | Caighdeáin idir-inoibritheachta do chórais mhíleata gan fhoireann | **INTERACT** | 1.5 | 50 % | 50 % |
| **MÉIDEANNA IOMLÁNA NA DTIONSCADAL (Gan costais saineolaithe agus luach saothair GEC san áireamh)** | | | **85.5** | | **71 %** |

*Foinse:* CIE.

## Iarscríbhinn VII – Ceachtanna RBTC a foghlaimíodh agus Rialachán CEC

| Airteagal de Rialachán CEC | Rialachán CEC | Éagsúlacht le RBTC agus tráchtanna |
|---|---|---|
| 8(1) | Sonraítear san airteagal gur 'faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an Ciste chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais' agus deirtear sa bhreis air sin in Airteagal 8(2): "De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh comhlachtaí [...] gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh, i gcásanna a bhfuil bunús cuí leo, faoi bhainistíocht indíreach'. | Dheimhnigh RBTC ábharthacht bhainistiú dheontais cosanta an Aontais ar mhodh indíreach ag GEC (tá 15 thionscadal as 18 dtionscadal RBTC á mbainistiú ag GEC i modh indíreach). De réir an Choimisiúin, trí úsáid a bhaint as nós imeachta coiste dúbailte (tugann Coiste Chlár CEC tuairim (1) maidir leis an gclár oibre bliantúil sula nglacann an Coimisiún é agus (2) maidir leis an gcinneadh dámhachtana tar éis na tionscadail a roghnú agus sula nglacann an Coimisiún é), bheadh buntáistí móra ag baint le bainistíocht dhíreach chun cloí leis an mbliantúlacht bhuiséadach arb é sin is fearr le Parlaimint na hEorpa ar mhaithe le grinnscrúdú a dhéanamh. |
| 9(1) | Deir an t-airteagal go '[mbeidh] faighteoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe'. Ceadaítear maoluithe in Airteagail 9(4) go 9(8). | Ní raibh maoluithe den sórt sin ann do RBTC. Sonraítear i gcinntí RBTC 2017, 2018 agus 2019 ón gCoimisiún maidir le maoiniú RBTC go mbeidh 'eintitis ó Bhallstáit uile an Aontais agus ón Iorua incháilithe chun iarratas a chur isteach'. Níor léirigh tionscadail RBTC go raibh gá le maoluithe den sórt sin. |

| Airteagal de Rialachán CEC | Rialachán CEC | Éagsúlacht le RBTC agus tráchtanna |
|---|---|---|
| 10(4) | Maidir le gníomhaíochtaí incháilithe, '[déanfaidh] eintitis dhlíthiúla an ghníomhaíocht a bheidh ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas le trí eintiteas dhlíthiúla incháilithe ar a laghad atá bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúla nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad'. Mar sin féin, cuirtear in iúl in Airteagal 10(5) nach mbeidh feidhm ag an bprionsabal sin 'i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint…', nach bhféadfadh, dá réir sin, ach aon eintiteas iad amháin a dhéanamh, gan aon chomhar le heintiteas eile. | I gcás RBTC, ní raibh ach aon eisceacht amháin ann ar phrionsabal na '[n-eintiteas dlíthiúil] atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina bhfuil, ar a laghad, trí eintiteas dhlíthiúla incháilithe atá bunaithe i dtrí Bhallstát [...] éagsúla ar a laghad' le haghaidh glao PADR-US-01-2017 inar éilíodh go mbeadh cúig eintiteas dhlíthiúil ar a laghad rannpháirteach ann. |
| 12, 22 | Sonraítear sna hairteagail atá ag déileáil leis na critéir dhámhachtana cad iad na sé chritéar atá le húsáid i gcoitinne le haghaidh taighde agus forbartha do CEC, agus an dá cheann breise le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha. Is féidir leo rannchuidiú le doiciméadú níos fearr ar mheastóireacht tograí a chumasú. | Ceacht é a foghlaimíodh ó RBTC is ea níos mó critéar dámhachtana a bheith ann. |
| 15(2) | I gcás costais indíreacha, ceadaíonn an t-airteagal seo rogha mhalartach ar 'ráta comhréidh 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána na gníomhaíochta': 'féadfar costais incháilithe indíreacha a chinneadh i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasaíochta costála an fhaighteora...'. | I gcás RBTC, rinne roinnt eagraíochtaí a ndeachamar i gcomhairle leo gearán á rá nach raibh an tAontas ag clúdach na gcostas indíreach ar bhealach leordhóthanach leis an gcothromráta de 25 %. Is ceacht é sin a foghlaimíodh ó RBTC. |
| 34(1) | Sonraítear san Airteagal seo '[go dtabharfaidh] coiste cúnamh don Choimisiún'. | Cé gur rud éagsúil é sin le hais RBTC, thuig an Coimisiún ó choiste chlár 'Mar a bheadh' RBTC atá curtha ar bun aige go mbeadh ceanglas dlíthiúil ann do choiste cláir do CEC. |

*Foinse:* CIE.

# Giorrúcháin

**AS DEFIS:** Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis

**CapTech:** Grúpa teicneolaíochta cumais

**CEC:** An Ciste Eorpach Cosanta

**GEC:** An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint

**LUT:** Leibhéal ullmhachta teicneolaíochta

**RBTC:** Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta.

# Gluais

**An Comhbheartas Slándála agus Cosanta:** An chuid de bheartas eachtrach an Aontais atá ag díriú isteach ar an acmhainneacht slándála agus cosanta.

**Coiste chlár 'Mar a bheadh':** Comhlacht comhairleach *ad hoc* arna chur ar bun ag an gCoimisiún, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais, chun cabhrú leis an gCoimisiún RBTC a ullmhú agus a chur chun feidhme.

**Idir-inoibritheacht:** Cumas atá ag córas cumarsáid a dhéanamh le córais eile agus oibriú leo, lena n-áirítear trí mhalartú sonraí.

**Leibhéal ullmhachta teicneolaíochta:** Méadracht a úsáidtear chun aibíocht teicneolaíochta a chur in iúl agus chun gur féidir teicneolaíochtaí difriúla i gcóras nó i dtimpeallacht ar leith a chur i gcomparáid go hiontaofa.

**Moladh maidir le Caighdeánú:** Doiciméad ECAT ina liostaítear ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin oibríochtúla neamhcheangailteacha atá le cur i bhfeidhm ag na Balltíortha atá i mbun gníomhaíochta de chuid ECAT.

**Teicneolaíocht chumas:** Comhlacht arna bhunú ag GEC chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí sonracha taighde agus teicneolaíochta mar fhreagairt ar riachtanais nó tosaíochtaí comhaontaithe sa chumas cosanta.

**Teicneolaíochtaí suaiteacha:** Teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh athruithe bunúsacha a dhéanamh agus feidhmíocht a fheabhsú ó bhonn in earnáil ar leith.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-10

# Freagraí ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint

https://www-integration.eca.eu/ga/publications/sr-2023-10

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-10

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistíocht ó réimsí buiséadacha ar leith. Roghnaíonn agus ceapann an Chúirt na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó acu trí mhachnamh a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíonadh, an leibhéal ioncaim nó caiteachais lena mbaineann, forbairtí atá ar na bacáin agus leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta III – Gníomhaíocht sheachtrach, slándáil agus ceartas, atá faoi cheannas Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt) a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Ba é Juhan Parts (Comhalta den Chúirt) a bhí i gceannas ar an iniúchadh ar dtús, le tacaíocht ó Ken-Marti Vaher (Ceann na hOifige Príobháidí) agus Margus Kurm (Ataisé na hOifige Príobháidí).

Tugadh an iniúchóireacht chun críche faoi stiúir Viorel Ştefan (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Roxana Banica (Ceann na hOifige Príobháidí), Olivier Prigent (Ataisé na hOifige Príobháidí), Michael Bain (Príomhbhainisteoir), Joël Costantzer (Ceann Cúraim), agus Maria Luisa Gómez-Valcárcel agus Laurent Olivier (Iniúchóirí). Chuir Michael Pyper tacaíocht teanga ar fáil. Thug Giuliana Lucchese tacaíocht ghrafach.


Viorel Ştefan


Roxana Banica


Olivier Prigent


Juhan Parts


Ken-Marti Vaher


Margus Kurm


Michael Bain


Joël Costantzer


Laurent Olivier


Michael Pyper


Giuliana Lucchese

## CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, déanfaidh sé an cead ginearálta thuasluaite a chur ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus cuirfear in iúl go soiléir sa chead nua má tá aon srianta ag gabháil leis an úsáid.

D’fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-847-9691-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/299395 | QJ-AB-23-009-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-847-9723-3 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/040621 | QJ-AB-23-009-GA-Q |

Rinneadh an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) a dhearadh mar chlár réamhtheachtach don Chiste Eorpach Cosanta (CEC). Is é seo an chéad iniúchadh atá déanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i réimse na cosanta, agus rinneadh measúnú féachaint ar ullmhaigh RBTC an tAontas go cuí chun méadú suntasach a dhéanamh ina chaiteachas cosanta trí CEC. Thángamar ar an gconclúid cé gur foghlaimíodh roinnt ceachtanna, gur tháinig laghdú ar an úsáid a bhaineadh as luach RBTC mar mhodh tástála chun caiteachas cosanta an Aontais a mhéadú mar gheall ar shrianta ama agus mar gheall ar na torthaí teoranta a bhí ar fáil. Nuair a lainseáladh CEC, bhí an chuid is mó de thionscadail RBTC fós idir lámha. Tá roinnt moltaí a ndéanamh againn chun cabhrú le CEC a chuid cuspóirí a bhaint amach, go háirithe a straitéis fhadtéarmach a dhearadh ar shlí a mhéadóidh an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht atá forbartha in earnáil chosanta an Aontais Eorpaigh.

Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors